BILEOG CHABHRACH/ TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

DO

2007 SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA an AE (SPS)

AGUS DO

SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE 2007 AGUS SCÉIMEANNA EILE DE CHUID an AE BUNAITHE AR LIMISTÉIR 2007

AN ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA

Clár

Caibidil	Leathanach
1.	Uimhreacha Teagmhála Gutháin don SPS
2.	Téigh AR LÍNE leis an Roinn
3.	Do phacáiste SPS
4.	Léarscáileanna
5.	Scéimeanna a n-iarrtar iarratas SPS lena n-aghaidh
6.	Iarrthóirí Nua
7.	Dáta deiridh le haghaidh iarratas
8.	Pionóis as iarratais dhéanacha
9.	Coiste Achomharc SPS agus an Oifig um Achomhairc Thalmhaíochta
10.	Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise
11.	Scéim na hAoníocaíochta - forbhreathnú
12.	Cineálacha teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta
13.	Aistriú Teidlíochtaí
14.	Aistriú gabháltas iomlán
15.	Comhdhlúthú teidlíochtaí
16.	Sainmhínithe talún faoin SPS
17.	Rialacha Bainistíochta chur i leataobh
18.	REPS agus bearta Foraoiseachta
19.	Riail na 10 Mí maidir le talamh ar fáil
20.	Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
21.	An Scéim um Barra Fuinnimh
22.	Reachtaíocht de chuid an AE a bhaineann le d'Iarratas faoin SPS
23.	Sainmhínithe a bhaineann le d'Iarratas faoin SPS
24.	Rialú agus Cigireacht
25.	Traschomhlíonadh
26.	Pionóis as ró-dhearbhú achair faoin SPS
27.	Pionóis as dearbhú easnamhach dáileachtaí talún faoin SPS
28.	Pionóis agus eisiatacht as dearbhú easnamhach talún Curtha i Leataobh faoin SPS
29.	Pionóis sonracha faoin Scéim um Barra Fuinnimh agus úsáid Neamh-bhia talún Curtha i Leataobh
30.	Treoir céim ar chéim chun Leathanach Tosaigh fhoirm an SPS a líonadh isteach
31.	Treoir céim ar chéim chun Leathanach Cúil fhoirm an SPS a líonadh isteach
32.	Ag déanamh Athruithe ar d'fhoirm iarratais SPS 2007
33.	Íocaíochtaí

LE HAGHAIDH MIONCHÚNAIMH CHUN D'FHOIRM IARRATAIS AR SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA 2007 A CHOMHLÁNÚ, IARRTAR ORT CAIBIDLÍ 30 AGUS 31 DEN BHILEOG CHABHRACH SEO A LÉAMH**.**

Caibidil 1

UIMHREACHA TEAGMHÁLA GUTHÁIN don SPS

Déanfaidh AONAD NA H-AONÍOCAÍOCHTA den ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA, suite ar SHEANBHÓTHAR MHAINISTIR LAOISE, PORT LAOISE, CONTAE LAOISE, na foirmeacha iarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta (SPS) a phróiseáil. Ba cheart aon fhiosrúcháin maidir le d'iarratas a chur don Uimhir Ghutháin Lóghlao anseo thíos a bhaineann le do Chontae féin.

Rannóg	Contaetha	Uimhir Ghutháin Lóghlao
1	Corcaigh agus an Iarmhí	1890 252 236
2	An Cabhán, An Clár agus Luimneach	1890 252 235
3	Dún na nGall, Baile Átha Cliath, Uíbh Fhailí agus Loch Garman	1890 252 244
4	Ceatharlach, Cill Chainnigh, Lú, Muineachán agus Sligeach	1890 252 243
5	Cill Dara, Laois, Liatroim, An Longfort, Port Láirge agus Cill Mhantáin	1890 252 242
6	Gaillimh, Ciarraí, Maigh Eo, An Mhí, Tiobraid Árann agus Ros Comáin	1890 200 502

Caibidil 2
TÉIGH AR LÍNE LEIS AN ROINN

BREATHNAIGH AR DO SHONRAÍ FAOI SCÉIM NA H-AONÍOCAÍOCHTA (SPS) AR LÍNE

Tá feidhmiúlacht Ghréasáin chóras an SPS le fáil d'fheirmeoirí trí shuíomh Gréasáin na Roinne. Bíonn feirmeoirí a chláraíonn leis an Roinn le haghaidh na seirbhíse seo in ann teacht ar shonraí faoin n-iarratais féin faoin SPS ar líne. Áirítear leis na sonraí faisnéis faoi dháileachtaí talún, líon agus luach na dteidlíochtaí faoin SPS ag gach iarrthóir agus mar sin de. Is seirbhís shaor d'iarrthóirí í seo. Is féidir iarratas chun clárúchán a dhéanamh ar líne trí shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie. Nuair a dhéanann tí iarratas le haghaidh na seirbhíse, cuirfear uimhir shainiúil (PIN) chugat a chuirfidh ar do chumas teacht ar do chuid sonraí ar fad faoin SPS ar bhunachar sonraí na Roinne.
Chun breis eolais a fháil faoi conas clárú a dhéanamh le haghaidh na seirbhíse seo, ba cheart duit dul i dteagmháil le:
Ríomhsheirbhísí in Oifig na Roinne i bPort Laoise, Lo call 1890 252 118.

CUIR IARRATAS ISTEACH LE HAGHAIDH AN SPS AR LÍNE

NUA DO 2007

Ar aon dul leis an bhforbairt leanúnach ar a cuid ríomhsheirbhísí, seoladh tionscadal píolótach inar féidir le feirmeoirí agus gníomhairí feirmeoirí atá cláraithe le ríomhsheirbhísí na Roinne iarratas a chur isteach faoi Scéim Aoníocaíochta ar líne. Nuair a chláraíonn tú mar úsáideoir leis an Roinn, is féidir leat seo a roghnú ó leathanach Baile an SPS.

Eiseofar foirm iarratais réamhphriontáilte 2007 do gach feirmeoir faoi mar is gnách. Is ionann na sonraí atá réamhphriontáilte agus na sonraí atá ag an Roinn maidir leis an iarrthóir sin in 2006. In 2007, beidh de bhuntáiste breise ag úsáideoirí cláraithe ar líne na sonraí réamhphriontáilte seo a bheith ar fáil dóibh ar líne, lena n-áirítear léarscáileanna, sonraí faoi theidlíochtaí agus mar sin de. Glacfar le hiarratas faoi SPS 2007 a líontar isteach agus a chuirtear isteach ar líne don Roinn ag feirmeoir nó ag gníomhaire atá údarásaithe chun na críche sin ag feirmeoir mar iarratas bailí SPS 2007, fhad agus a chomhlíontar na coinníollacha ar fad eile faoin SPS. Ní gá iarratas páipéir a chur isteach sna cúinsí seo. Beidh na dátaí deiridh a bhaineann le hiarratais scríofa i gceist maidir le hiarratais ar líne freisin. Is é an dáta deiridh chun foirm iarratais faoi SPS 2007 a chur isteach ná 4 BEALTAINE 2007.

Iarratas SPS ar líne á chur isteach agat
Agus córas iarratas ar líne á fhorbairt, rinneadh gach iarracht chun go mbeadh próis líonadh agus cur isteach na foirme furasta don úsáideoir sa mhéid is go bhfuil sé ar aon dul, oiread agus is féidir, leis an iarratas priontáilte. Tá gné CABHAIR le fáil mar chúnamh míniúcháin chun sonraí tábhachtacha a líonadh isteach san fhoirm iarratais. Is féidir amharc ar shleachta as Bileog Chabhrach/Téarmaí agus Coinníollacha 2007 ag pointe ionchuir na sonraí sin, mar shampla sainmhíniú de Ghlanachar, Achar Tagartha agus mar sin de. Chomh maith leis seo, tugann an t-iarratas ar líne an deis don iarrthóir athbhreithniú

ar na sonraí réamhphriontáilte uile, idir shonraí pearsanta agus shonraí talún, agus rinneadh e d'fhonn cosc a chur, oiread agus is féidir, ar na gnáthearráidí a tharlaíonn go minic ar fhoirmeacha iarratais gach uile bhliain. Áirítear le gnáthearráidí a bheith ag fágáil sonraí faoi dháileachtaí talún ar lár agus ró-dhearbhú achair. D'fhéadfadh pionóis a bheith i gceist ina leithéid de chúinsí. D'fhonn earráidí a choinneáil ag an leibhéal is ísle, tá réimsí éigeantacha áirithe nach mór don iarrthóir líonadh isteach – mar shampla, na sonraí uile a bhaineann le dáileachtaí lena n-áirítear glanachar, dáta tosaigh 10 mí, úsáid ceapach in 2007 agus mar sin de. Tá córas rabhaidh san iarratas ar líne freisin a thugann rabhadh don iarrthóir faoi ró-éileamh ar cheapach a d'fhéadfadh a bheith ann – nuair a dhearbhaíonn an t-iarrthóir achar ar mó é ná an t-achar atá incháilithe maidir leis an gceapach sin. Ba cheart go gcabhródh an córas rabhaidh seo chun earráid agus b'fhéidir pionós a sheachaint.

Is féidir dáileachtaí talún a fhaigheann an t-iarrthóir in 2007 cur leis ar ndóigh, mar is féidir sonraí faoi aon cheapacha nua. Nuair a chuirtear ceapach nua isteach, ní mór léarscáil a thaispeánann teorainneacha na ceapaí sin a chur isteach don Roinn faoi chlúdach ar leith. Tá seo i gceist freisin nuair a bhíonn gá le haon cháipéisí tacaithe eile, mar shampla, fianaise faoi chearta Coimíneachta. Caithfidh léarscáileanna agus doiciméadú a chuirtear isteach a bheith marcáilte le d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir tréada.

Dála an iarratais thraidisiúnta faoin SPS, is féidir an t-iarratas ar líne a líonadh isteach de réir a chéile. Beidh sé seo chun leas na bhfeirmeoirí sin go mór mór a bhfuil líon mór dáileachtaí/ceapach acu nó neart athruithe in úsáid a gceapach in 2007. Is féidir iarratais ar líne atá líonta isteach i bpáirt ag aon am agus teacht ar ais chucu arís ar chaoithiúlacht ar iarrthóra. Is féidir na sonraí atá curtha isteach a athbhreithniú ag aon am sula gcuirtear an t-iarratas isteach. Ní chuirfear iarratas nár críochnaíodh isteach san áireamh ar bhealach ar bith mar chuid d'iarratas a cuireadh isteach. Caithfidh an t-iarratas a bheith líonta isteach go hiomlán agus curtha isteach faoin dáta deiridh.

<u>Athruithe ar líne ar iarratas SPS 2007</u>
Nuair nach mbíonn iarrthóir cinnte faoi na sonraí talún uile faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas, ba cheart an fhoirm a líonadh isteach oiread agus is féidir agus í a chur isteach in am trátha. Is féidir athruithe a dhéanamh ar shonraí talún go dtí 31ú Bealtaine 2007. is féidir foirm Athruithe 2007 a chur isteach ar líne freisin. Arís, tá an Fhoirm Athruithe seo ar aon dul leis an iarratas Foirm Athruithe páipéir agus na nósanna imeachta ar líne chun dáileachtaí a chur leis/a scrios amach nó chun aon athruithe eile a dhéanamh. Ní féidir foirm Athruithe a chur isteach ar líne ach nuair a cuireadh isteach iarratas SPS 2007 cheana féin. Is é an dáta deiridh chun iarratais le haghaidh Athruithe i bpáipéar agus ar líne araon ná 31ú Bealtaine 2007.

<u>Cáipéisí le fáil ar líne</u>
Tá rochtain ar líon fairsing de cháipéisí le fáil ar líne. Áirítear leis seo scáileán achomair ar shuíomh an iarrthóra maidir le teidlíochtaí faoi láthair; scáileán breise a thaispeánann sonraí faoi conas a bunaíodh teidlíochtaí an iarrthóra sa tréimhse tagartha 2000 – 2002; stair faoi imeachtaí teidlíochtaí a rinneadh in 2005 agus/nó 2006, mar shampla, aistrithe talún; comhfhreagracht idir an t-iarrthóir agus an Roinn ó tugadh an SPS isteach; agus cóipeanna d'iarratais SPS a rinneadh roimhe.

<u>Ord íocaíochta teidlíochtaí ar líne</u>
Tá curtha san áireamh ar an iarratas ar líne gur bliain rí-thábhachtach d'fheirmeoirí áirithe í 2007. Is í seo an tríú bliain de chiogal 3 bliana Scéim na hAoníocaíochta, agus faoi rialacháin an SPS, d'fhéadfadh feirmeoirí roinnt dá gcuid teidlíochtaí nó fiú iad uile a

chailliúint más rud é nach mbaintear leas astu le linn na tréimhse sin. Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn teidlíochtaí le luacha difriúla ag an iarrthóir - mar shampla, d'fhéadfadh teidlíochtaí "Cúltaisce Náisiúnta" a bheith agat (trí Chomhdhlúthú nó leithdháileadh díreach ón gCúltaisce Náisiúnta) chomh maith le teidlíochtaí Caighdeánacha Aistrithe (de bharr teidlíochtaí breise a fháil ar léas agus araile) agus, cibé rud is cúis leis, nach féidir íocaíocht a dhéanamh maidir leis na teidlíochtaí sin uile in 2007. Sna cúinsí seo, nuair nach n-úsáidtear na teidlíochtaí go léir in 2007 toisc nach bhfuil heicteár incháilithe talún agat le haghaidh gach teidlíochta, déanfar íocaíocht san ord seo a leanas: Tugtar tús áite do theidlíochtaí "cur i leataobh", más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir. Sa dara háit: Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta. Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí líonta go buinne ón gCúltaisce Náisiúnta ag tosú leis na teidlíochtaí is airde luach. Is féidir le feirmeoirí ord na híocaíochta a athrú ar líne agus teidlíochtaí ar bith nár úsáideadh go dtí seo a ainmniú más mian leo. Toisc nach bhfuil ach teidlíochtaí Caighdeánacha, nó teidlíochtaí Caighdeánacha agus teidlíochtaí "Cur i leataobh", ag formhór na n-iarratasóirí faoi Scéim na hAoníocíochta, ní bheidh aon ghá le hathruithe a dhéanamh. Sna cásanna seo déanfar íocaíocht bunaithe ar líon na heicteár incháilithe a dearbhaíodh ar an bhfoirm iarratais SPS 2007.

<u>Uimhir Thréada ar Éag</u>
Nuair atá Uimhir Thréada iarrthóra imithe ar éag ag dáta an iarratais, ní bheifear in ann iarratas a dhéanamh ar líne. Cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas faoi seo ar Leathanach Baile an SPS. Sna cúinsí seo, ba cheart iarratas SPS 2007 scríofa a chur isteach sa chlúdach a cuireadh ar fáil leis an bhfoirm réamhphriontáilte. Ba cheart iarratas a dhéanamh láithreach bonn d'Oifig Tréidliachta áitiúil na Roinne chun an cheist faoin uimhir Thréada a réiteach chun go ndéanfar íocaíocht thráthúil faoin SPS.

<u>LÍNE CHABHRACH</u>
Tá an líne chabhrach Lóghlao seo a leanas le fáil chun déileáil le fiosrúcháin maidir le hiarratais ar líne – 1890 200 502.

Caibidil 3
<u>DO PHACÁISTE SPS</u>

<u>BILEOG CHABHRACH / TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA</u>
Tá an Bhileog Chabhrach seo curtha i dtoll a chéile ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia mar threoir agus foirm iarratais 2007 á líonadh isteach agat le haghaidh SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA AN AE (SPS) AGUS SCÉIMEANNA EILE DE CHUID AN AE BUNAITHE AR LIMISTÉIR. Tá na TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA a baineann leis na Scéimeanna sa cháipéis freisin de réir na Rialachán de chuid an AE a bhaineann le hábhar. Níor cheart an BHILEOG CHABHRACH/NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA a mheas mar léirmhíniú dlíthiúil ar na Rialacháin sin de chuid an AE. Tá liosta iomlán de na Rialacháin de chuid an AE a bhaineann le hábhar i gCaibidil 22 san fhoilseachán seo. Nuair a chuireann tú d'iarratas 2007 isteach, glacann tú leis gur eol duit na Téarmaí agus na Coinníollacha seo agus go gcloífidh tú leo.

<u>Iatáin eile i do phacáiste SPS</u>
Iniata leis an mbileog Chabhrach/Na Téarma Agus Coinníollacha seo, tá na nithe seo a leanas:

- **D'fhoirm iarratais réamhphriontáilte maidir le SPS 2007;**
- **Clúdach le réamhsheoladh chun d'iarratas agus aon cháipéisí tacaithe a chur ar ais le Swiftpost;**
- **Achoimre gearr ar na príomhphointí a bhaineann le hiarratas SPS 2007.**

Sonraí réamhphriontáilte
Tá sonraí priontáilte ar d'fhoirm faoi dháileachtaí talún a d'éiligh tú ar fhoirm iarratais Scéim Aoníocaíochta 2007. Tabhair faoi deara le do thoil go ndéantar sonraí a réamhphriontáil mar sheirbhís d'iarrthóirí. Bíonn an dualgas ar an iarrthóir na sonraí réamhphriontáilte a scrúdú go cúramach agus cinntiú go bhfuil siad i gceart. Líon isteach aon sonraí atá ar iarraidh óir d'fhéadfadh foirm iarratais gan líonadh go hiomlán d'iarratas neamhbhailí nó righneas agus/nó pionóis a chruthú.
Aon iarratas amháin
Ní féidir ach aon iarratas SPS amháin a chur isteach. Ní mór go n-áireofar leis seo sonraí faoi na dáileachtaí talún uile ar do ghabháltas in 2007 cibé áit sa Stát ina bhfuil na ceapacha sin suite, is cuma an bhfuil na ceapacha sin bainteach le haon Uimhir Thréad amháin nó breis nó a mhalairt.
Bileoga leanúnachais
Tá bileoga leanúnachais le féil ó Aonad na hAoníocaíochta, Oifigí Áitiúla na Roinne Talmhaíochta agus Bia, TEAGASC agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www. agriculture.gov.ie

Caibidil 4
LÉARSCÁILEANNA

Nuair a athraíodh teorainneacha do dháileachtaí in 2006, nó nuair a bhíonn ceisteanna eile ann faoi chúrsaí léarscáileanna, eiseofar léarscáileanna duit faoi chlúdach ar leith. Taispeánfaidh siad seo:
teorainneacha na ndáileachtaí talún uile a d'éiligh tú ar iarratas Scéim Aoníocaíochta 2006.
an uimhir thagartha faoin gCóras Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS) do gach dáileacht, agus
an glanachar (is é sin roimh aon laghduithe) i heicteáir do gach dáileacht talún.
Nuair nár athraíodh do ghabháltas in 2007 ón méid atá ar an léarscáil, ní gá duit an léarscáil/na léarscáileanna a chur ar ais le d'fhoirm iarratais.
Nuair a dhéantar aon teorainn dáileachta a tharraingt go mícheart ar an léarscáil, ba cheart duit an teorainn sin a athrú, na sonraí réamhphriontáilte faoin gceapach sin a cheartú ar an bhfoirm agus an léarscáil athraithe a chur ar ais le d'iarratas faoi Scéim Aoníocaíochta 2007.

Caibidil 5
SCÉIMEANNA A N-IARRTAR IARRATAS SPS LENA N-AGHAIDH

Ní mór d'fheirmeoirí a bhfuil iarratas curtha isteach nó a bhfuil fúthu iarratas a chur isteach maidir le haon cheann de na scéimeanna seo a leanas iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta a chur isteach:

SCÉIM NA H-AONÍOCAÍOCHTA;
SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE;
AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH;
AN SCÉIM UM PRÉIMHEANNA PROITÉIN;
AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS);
AN SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTITHE DO BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍL FEIRME;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTITHE D'FHEABHSÚ CAIGHDEÁN MAIDIR LE SLÁINTEACHAS DÉIRÍOCHTA;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTITHE I BHFIONTAIR MHALARTACHA;
AN SCÉIM UM LUATHSCOR;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH SUITEÁLA;
AN SCÉIM UM FHARAE TRIOMAITHE;
SCÉIM NA BPRÉIMHEANNA AFORAOISEACHTA;
BITHFHUINNEAMH (SCÉIM DHEONTAS UM BUNÚ).

Caibidil 6
IARRTHÓIRÍ NUA

Foirmeacha folmha
Tá foirmeacha iarratais folmha le fáil d'iarrthóirí nua ó Aonad na hAoníocaíochta, Oifigí Áitiúla na Roinne Talmhaíochta agus Bia, TEAGASC agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www. agriculture.gov.ie
Uimhir Thréada
Ba cheart d'iarrthóirí nua a dhéanann iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta agus iarrthóirí nua faoi na scéimeanna eile ar cuid d'fhoirm iarratais SPS 2007 iad cinntiú go bhfuil Uimhir Thréada bhailí acu nó, mura bhfuil, uimhir thréada a iarraidh mar chúis phráinneach. Ba cheart iarratas a chur go hOifig Tréidliachta áitiúil na Roinne chun Uimhir Thréada a fháil. Ba cheart sonraí faoin Uimhir Thréada nua a chur isteach go hAonad na hAoníocaíochta chomh luath agus a bheidh sí le fáil.
Trádáil teidlíochtaí
Foilsíodh foirm iarratais shonrach maidir le hAistriú Teidlíochtaí, chomh maith le rialacha miona, agus tá sí le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgnimh an Rialtais, Port Laoise, Contae Laoise nó ó oifigí áitiúla na Roinne nó ar shuíomh Gréasáin ag http://www.agriculture.gov.ie/ nó ó THEAGASC. Tá na foirmeacha seo le fáil chomh maith ón Rannóg um Aistriú Teidlíochta, Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgnimh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise ag Lóghlao 1890-200-560.
Cigireacht

D'fhéadfadh iarrthóirí nua a bheith faoi réir cigireachta ag an Roinn chun a chinntiú, i measc nithe eile, go bhfuil gnó feirmeoireachta á oibriú acu atá ar leith agus neamhspleách ó cheann de chuid aon iarrthóra eile faoin SPS agus nár bunaíodh an gnó chun coinníollacha a chruthú go saorga d'fhonn buntáiste a bhaint as aon scéimeanna eile a bhaineann le hábhar.

Léarscáileanna

Caithfidh iarrthóirí nua léarscáil(eanna) a chur isteach lena n-iarratas aoníocaíochta, a thaispeánann teorainneacha gach dáileachta/ceapaí talún go soiléir. Nuair nach mbíonn fáil ar an Uimhir shainiúil faoin gCóras Aitheanta Dáileachtaí Talún (Uimh. LPIS), cuir isteach sonraí faoin dáileacht ar fhoirm iarratais SPS 2007, ag cur Ceapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de orthu. Sainaithin aon cheapach nua trína imlíniú go cúramach ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis nó ar léarscáil de chuid Chlárlann na Talún nó ar léarscáil a bhaineann leis an gCóras Aitheanta Dáileachtaí Talún, ag cur na n-uimhreacha Ceapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de ar an léarscáil chomh maith. Cinntigh go ndéantar na léarscáileanna a chuireann tú isteach a mharcáil le d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir thréada nó uimhir thagartha. Ní mór na léarscáileanna a mharcáil chomh maith le huimhir bileog na Suirbhéireachta Ordanáis agus an baile fearainn ina bhfuil an dáileacht suite má bhíonn an léarscáil mar pháirt de léarscáil de chuid Chlárlann na Talúna nó na Suirbhéireachta Ordanáis.

Cáipéisí tacaithe

Ní mór d'iarrthóirí nua cruthúnas a chur ar fáil, má iarrtar a leithéid orthu, go bhfuil gnó ar leith á oibriú acu, is é sin le rá:

- **fianaise i gcáipéis faoi theidlíocht an talamh a dhearbhaítear a shaothrú;**
- **admhálacha in ainm an iarrthóra maidir le ceannach, díolachán nó seirbhísí talmhaíochta a bhaineann leis an ngnó;**
- **cuntais fheirme / íocaíochtaí cánach in ainm an iarrthóra féin;**
- **aon fhianaise eile a iarrtar.**

Caibidil 7
DÁTA DEIRIDH LE HAGHAIDH IARRATAS

Ní mór d'iarrthóirí cinntiú go bhfaightear a bhfoirmeacha iarratais SPS 2007 agus iad líonta isteach acu in AONAD NA HAONÍOCAÍOCHTA, ROINN TALMHAÍOCHTA AGUS BIA, SEANBHÓTHAR MAINISTIR LAOISE, PORT LAOISE, CONTAE LAOISE, nó in aon oifig áitiúil de chuid na Roinne, nó go gcuirtear isteach ar líne go dtí an Roinn iad, nach déanaí ná meán oíche ar Dé hAoine 4 BEALTAINE 2007.

Iarratais phoist

Líon isteach agus cuir ar ais an fhoirm réamhphriontáilte a fuair tú. Tá d'fhoirm iarratais réamhphriontáilte maidir le SPS 2007 barrachódaithe agus réamhphriontáilte le sonraí fút féin agus baineann sé leat féin amh'ain nó le do chomharbaí. Má tharlaíonn nach bhfaigheann an Roinn d'iarratas líonta isteach maidir le SPS 2007, a chuir tú isteach tríd an bpost, beidh ort admháil Swiftpost a thaispeáint mar chruthúnas postála. Coinnigh d'admháil Swiftpost go sábháilte.

Caibidil 8
PIONÓIS AS IARRATAIS DHÉANACHA

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta le haghaidh 2007 a chur isteach ná 4 BEALTAINE 2007.
Beidh tréimhse 25 lá tar éis 4 Bealtaine chun glacadh le hiarratais dhéanacha agus aon cháipéisí tacaithe is gá. Ach beidh pionós de chailliúint 1% d'íocaíochtaí in aghaidh an lae oibre a fhaightear an t-iarratas déanach i gceist le linn na tréimhse seo – féach an tábla thíos. Ach amháin i gcásanna force majeure, ní ghlacfar le hiarratais tar éis na tréimhse 25 lá seo agus caillfear na híocaíochtaí ar fad. Tá na pionóis dhéanacha chéanna i gceist maidir le Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim de chuid an AE um Barraí Fuinnimh agus an Scéim um Préimheanna Barra Próitéine de chuid an AE.

Lá	Dáta	Mí	Laghdú mar % i gceist in aghaidh an lae oibre	Líon laethanta
Dé hAoine	4	Bealtaine	DÁTA DEIRIDH	
Dé Sathairn	5	Bealtaine	0%	1
Dé Domhnaigh	6	Bealtaine	0%	2
Dé Luain	7	Bealtaine (saoire bhainc)	0%	3
Dé Máirt	8	Bealtaine	1%	4
Dé Céadaoin	9	Bealtaine	2%	5
Déardaoin	10	Bealtaine	3%	6
Dé hAoine	11	Bealtaine	4%	7
Dé Sathairn	12	Bealtaine	4%	8
Dé Domhnaigh	13	Bealtaine	4%	9
Dé Luain	14	Bealtaine	5%	10
Dé Máirt	15	Bealtaine	6%	11
Dé Céadaoin	16	Bealtaine	7%	12
Déardaoin	17	Bealtaine	8%	13
Dé hAoine	18	Bealtaine	9%	14
Dé Sathairn	19	Bealtaine	9%	15
Dé Domhnaigh	20	Bealtaine	9%	16
Dé Luain	21	Bealtaine	10%	17
Dé Máirt	22	Bealtaine	11%	18
Dé Céadaoin	23	Bealtaine	12%	19
Déardaoin	24	Bealtaine	13%	20
Dé hAoine	25	Bealtaine	14%	21
Dé Sathairn	26	Bealtaine	14%	22
Dé Domhnaigh	27	Bealtaine	14%	23
Dé Luain	28	Bealtaine	15%	24
Dé Máirt	29	Bealtaine	16%	25
Dé Céadaoin	30	Bealtaine	100%	26

Caibidil 9
COISTE ACHOMHARC SPS AGUS AN OIFIG UM ACHOMHAIRC THALMHAÍOCHTA

Is féidir le feirmeoir ar ar gearradh pionós as Traschomhlíonadh a shárú nó as aon sárú eile de na coinníollacha maidir le hincháilitheacht faoi Scéim na hAoníocaíochta achomharc a chur go dtí an Oifig um Achomhairc Thalmhaíochta. Ba cheart achomhairc a chur isteach taobh istigh de thrí mhí ó chinneadh na Roinne. Ba cheart achomhairc a sheoladh go dtí: An Oifig um Achomhairc Thalmhaíochta, Cúirt Chill Mhinche, Port Laoise, Contae Laoise, Lóghlao: 1890-671671 Guthán: 057-8667167/8667169.

Tar éis faisnéisiú a fháil faoi thoradh a n-achomharc faoi na bearta athbhreithnithe éagsúla a cuireadh i bhfeidhm agus/nó toradh an athbhreithnithe faoina dTeidlíochtaí, is féidir le feirmeoirí achomharc a dhéanamh faoi chinneadh na Roinne go dtí Coiste Achomharc na hAoníocaíochta a bhunaigh an tAire. Ba cheart an t-achomharc a chur isteach ar an bhfoirm chuí taobh istigh de cheithre lá déag ó dháta eisiúna chinneadh na Roinne.

Caibidil 10
COSAINT SONRAÍ AGUS SAORÁIL FAISNÉISE

De thoradh cinntí a rinneadh le gairid faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, a daingníodh ag an gCoimisinéir Faisnéise, tá beartas ag an Roinn seo anois sonraí faoi íocaíochtaí bunaithe ar limistéir agus íocaíochtaí díreacha eile a chur ar fáil go poiblí i gcúinsí áirithe, go mór mór ainmneacha na ndaoine a fhaigheann na híocaíochtaí is airde. Is riachtanas reachtúil é chomh maith go gcuirfear an fhaisnéis ar fad a thugtar ar d'fhoirm iarratais agus in aon cháipéisí tacaithe le fail d'aon Roinn nó Áisíneacht nó Údarás Áitiúil chun críocha Rialuithe Traschomhlíonta agus na mbearta uile a bhaineann le Forbairt Tuaithe.

Caibidil 11
Scéim na hAoníocaíochta - forbhreathnú

Tríd is tríd, baineann Scéim na hAoníocaíochta d'fheirmeoirí a shaothraigh go gníomhach i ngach ceann nó aon cheann de thrí bhliain tagartha 2000, 2001 agus 2002, ar íocadh Préimheanna Beostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta leo i gceann amháin nó níos mó de na blianta sin agus ar bunaíodh teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta dóibh dá bhíthin sin. Ní mór dóibh, nó dá gcomharbaí, leanúint ar aghaidh ag saothrú in 2007. Tá daoine nua a tháinig isteach i mbun saothraithe ón tréimhse tagartha incháilithe maidir le Scéim na hAoníocaíochta chomh maith nuair a fuair siad teidlíochtaí trí aistriú. Áirítear leis an Scéim chomh maith íocaíocht le feirmeoirí déiríochta a bhain leas as an bPréimh Déiríochta díchúpláilte in 2005 agus cúiteamh do shaothróirí Biatais Siúcra le linn tréimhse tagartha 2001, 2002 agus 2004.

Ní háirítear le Scéim na hAoníocaíochta íocaíochtaí faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath, an Scéim um Préimheacha Aforaoiseachta agus Scéimeanna tacaithe feirme mar Chúnamh Suiteála ná Infheistiú ar an bhFeirm.

Caibidil 12
CINEÁLACHA TEIDLÍOCHTAÍ AONÍOCAÍOCHTA

Nótáil le do thoil: Ord Íocaíochta na dTeidlíochtaí. Bliain rí-thábhachtach d'fheirmeoirí áirithe is ea 2007. Is í seo an tríú bliain de thimthriall 3 bliana na Scéime Aoníocaíochta, agus faoi rialacháin an SPS, d'fhéadfadh feirmeoirí roinnt dá gcuid teidlíochtaí nó fiú iad uile a chailliúint más rud é nach mbaintear leas astu le linn na tréimhse sin. Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn teidlíochtaí le luacha difriúla ag an iarrthóir - mar shampla, d'fhéadfadh teidlíochtaí "Cúltaisce Náisiúnta" a bheith agat (trí Chomhdhlúthú nó leithdháileadh díreach ón gCúltaisce Náisiúnta) chomh maith le teidlíochtaí Caighdeánacha Aistrithe (de bharr teidlíochtaí breise a fháil ar léas agus araile) agus, cibé rud is cúis leis, nach féidir íocaíocht a dhéanamh maidir leis na teidlíochtaí sin uile in 2007. Sna cúinsí seo, nuair nach n-úsáidtear na teidlíochtaí go léir in 2007 toisc nach bhfuil heicteár incháilithe talún agat le haghaidh gach teidlíochta, déanfar íocaíocht san ord seo a leanas - Sa chéad áit: Tugtar tús áite do theidlíochtaí "cur i leataobh", más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir. Sa dara háit: Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta. Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, teidlíochtaí Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí méadaithe "Cúltaisce Náisiúnta" ag tosú leis na teidlíochtaí is luachmhara. Is féidir le feirmeoirí an t-ord íocaíochta a athrú agus teidlíochtaí ar bith nár baineadh leas astu fós a ainmniú trí FHOIRM UM ORD ÍOCAÍOCHTA NA dTEIDLÍOCHTAÍ 2007 a chomhlánú. Eiseofar cóip den fhoirm seo don uile fheirmeoir. Is é an dáta deiridh chun iarratais chríochnaithe a fháil ná 4 Bealtaine 2007. Toisc nach bhfuil ach teidlíochtaí Caighdeánacha, nó teidlíochtaí Caighdeánacha agus teidlíochtaí "Cur i leataobh", ag formhór na n-iarratasóirí faoi Scéim na hAoníocíochta, ní bheidh aon ghá leis an bhfoirm seo a chur ar ais. Sna cásanna seo, déanfar íocaíocht bunaithe ar líon na heicteár incháilithe a dearbhaíodh ar d'fhoirm iarratais SPS 2007.

1) TEIDLÍOCHTAÍ CAIGHDEÁNACHA

Is iad teidlíochtaí caighdeánacha na teidlíochtaí is coitianta. Leithdháileadh iad seo d'fheirmeoirí a fuair íocaíochtaí maidir le Cúnamh Curaíochta agus/nó a dhearbhaigh achar foráiste agus a fuair íocaíochta préimheanna beostoic le linn na tréimhse tagartha.
Ardaíodh luach aonaid na bPréimheanna Beostoic agus/ar teidlíochtaí maidir le Cúnam Curaíochta d'fheirmeoirí déiríochta le préimheanna beostoic nó teidlíochtaí maidir le cúnam curaíochta a bhí incháilithe don Phréimh Déiríochta díchúpláilte in 2005 chun a gcuid teidlíochtaí faoi na Préimheanna Déiríochta díchúpláilte a chur san áireamh.

2) <u>TEIDLÍOCHTAÍ CUIR I LEATAOBH</u>

Bhunaigh roinnt feirmeoirí a bhí faoi réir na hoibleagáide cuid dá ngabháltas a chur i leataobh i dtréimhse tagartha 2000 – 2002 teidlíochtaí cuir i leataobh

ar ionann iad agus an líon ar meán de heicteáir a cuireadh i leataobh go héigeantach le linn na tréimhse tagartha. Tá an oibleagáid ar an bhfeirmeoir fós agus ar a c(h)omharba talamh a chur i leataobh faoi Scéim na hAoníocaíochta. Le haghaidh gach teidlíochta cuir i leataobh a bhíonn ag feirmeoir, ní mór heicteár coibhéiseach de thalamh curaíochta a chur i leataobh i gceart ó tháirgeadh.
Tá teidlíochtaí cuir i leataobh ar leith ó theidlíochtaí Caighdeánacha agus ní mór iad a úsáid gach bliain roimh aon teidlíochtaí íocaíochta eile. Má bhíonn teidlíochtaí cuir i leataobh ag feirmeoir, ní mór dó/di an líon cuí de heicteáir incháilithe a chur i leataobh fiú mura bhfuil baint aige/aici le táirgeadh barra curaíochta tuilleadh. Mura n-úsáidtear teidlíochta Cuir i leataobh ná mura ndéantar iad a dhíol nó a léasú amach, cuirfear pionóis i bhfeidhm faoi Scéim na hAoníocaíochta. Nuair a aistríonn feirmeoir teidlíochtaí cuir i leataobh, bíonn an oibleagáid maidir le cur i leataobh i gceist maidir leis an aistrí. Le haghaidh gach teidlíochta cuir i leataobh a bhíonn ag feirmeoir, ní mór heicteár coibhéiseach de thalamh incháilithe a chur i leataobh i gceart ó tháirgeadh.

3) TEIDLÍOCHTAÍ FAOI RÉIR COINNÍOLLACHA SPEISIALTA
Bunaíodh na teidlíochtaí seo le haghaidh feirmeoirí a fuair íocaíochtaí faoi na Scéimeanna Préimheacha Beostoic seo a leanas

- **Préimh Mairteola Speisialta agus/nó Préimh Bó Diúil suas go 15 Aonaid de Bheostoc.**
- **Préimh Caorach d'fheirmeoirí a raibh a gcuid gabháltas suite taobh amuigh de na Limistéir faoi Mhíbhuntáiste;**
- **Préimh Maraithe**

le linn na tréimhse tagartha 2000 go 2002 ach nach raibh oibleagáid orthu iarratas faoi Chúnamh Limistéir a chur isteach. Ní raibh aon talamh le dearbhú in 2005 agus/nó 2006 le dearbhú ag na feirmeoirí i gceist agus is feirmeoirí beostoic gníomhacha iad go fóill (is é sin, go gcothaíonn siad beostoc i scáthlán). Bunaíodh teidlíochtaí Coinníollacha Speisialta d'fheirmeoirí chomh maith a shaothraíonn líon réasúnta beag de heicteáir incháilithe agus atá i dteideal Aoníocaíocht mhór a fháil as an dtagann mar thoradh go sáraíonn luach aonaid gach teidlíochta uasmhéid an teidlíocht de €5,000.

Ní mór d'fheirmeoir a bhfuil Teidlíochtaí Coinníollacha Speisialta aige ar a laghad 50% den ghníomhaíocht talmhaíochta a cuireadh I bhfeidhm le linn na tréimhse tagartha a chothú. Cuirfear an ghníomhaíocht talmhaíochta i gcéill in Aonaid Bheostoic (LU) agus beidh sí bunaithe ar an líon ar meán de bheithígh a fhaigheann íocaíochtaí faoi na Scéimeanna Beostoic le linn na tréimhse tagartha 2000 go 2002. Maidir le cuóta bainne, déantar an cuóta bainne a roinnt leis an toradh bainne náisiúnta ar meán nó toradh bainne an fheirmeora más airde é.
Déanfar gníomhaíocht talmhaíochta na bhfeirmeoirí sin a bhfuil teidlíochtaí Caighdeánacha nó teidlíochtaí Coinníollacha Speisialta acu a ríomhadh de réir na dTeidlíochtaí Coinníollacha Speisialta nach bhfuil heicteáir aige nó aici lena n-aghaidh.
Socróidh an Roinn tréimhse shonrach, nó dátaí sonracha, a mbainfear leas astu chun an riachtanas maidir le 50% de ghníomhaíocht talmhaíochta a

shocrú. Cuirfear rialacha miona faoi theidlíochtaí Coinníollacha Speisialta don uile fheirmeoir a bhfuil na teidlíochtaí seo aige go fóill in 2007.
Nuair a aistríonn feirmeoir a c(h)uid teidlíochtaí Coinníollacha Speisialta uile, is féidir leis an aistrí leanúint ar aghaidh leis na hoibleagáidí maidir le leanúnachas de tháirgeadh talmhaíochta a rinne an díoltóir/léasóir d'fhonn an Aoníocaíocht a fháil nó, de rogha air sin, is féidir leis heicteár incháilithe a dhearbhú le haghaidh gach teidlíochta íocaíochta.

4) TEIDLÍOCHTAÍ ÓN GCÚLTAISCE NÁISIÚNTA

Ní ceadmhach d'fheirmeoirí a fhaigheann teidlíochtaí ón gCúltaisce Náisiúnta aon cheann dá gcuid teidlíochtaí a dhíol, a léasú amach nó a aistriú ar bhealach ar bith eile (ach amháin mar oidhreacht nó mar bhronntanas) a fuair siad ón gCúltaisce Náisiúnta le haghaidh tréimhse 5 bliana ag tosú ón mbliain inar leithdháileadh iad. Ní mór d'iarrthóirí a n-éiríonn leo faoin gCúltaisce Náisiúnta leanúint de bheith páirteach i ngníomhaíocht talmhaíochta le haghaidh 5 bliana ar a laghad más mian leo a gcuid Teidlíochtaí faoin gCúltaisce Náisiúnta a choinneáil. Tá teidlíochtaí a leithdháileadh ón gCúltaisce Náisiúnta faoi réir an laghdaithe mhodhnaithe ar an mbealach céanna le gach teidlíocht eile.
Bainfidh an Roinn feidhm as an gCúltaisce Náisiúnta chomh maith chun Teidlíochtaí a chomhdhlúthú le haghaidh catagóirí áirithe d'fheirmeacha a dhearbhaíonn, ar chúiseanna sonracha, níos lú heicteár ná na Teidlíochtaí a leithdháileadh orthu.

5) TEIDLÍOCHTAÍ MAIDIR LE BIATAS SIÚCRA
In 2006, i gcomhthéacs leasaithe ag an AE den chóras siúcra, bunaíodh na rátaí cúitimh atá i gceist faoin ngné a bhaineann le siúcra i Scéim na hAoníocaíochta. Tugadh an cúiteamh seo isteach mar chuid de Scéim na hAoníocaíochta in 2006 agus cuirfear i bhfeidhm é de réir mar a leagtar amach le haghaidh na mblianta le teacht.

Bliain	Ráta Cúitimh an Tonna a Chonraítear	Ráta le haghaidh na Suime Breise le fáil i Síleáil Náisiúnta na hÉireann maidir le Scéim na hAoníocaíochta	Iomlán an Tonna a Chonraítear
2006	€8.32	€1.29	€9.62
2007	€10.42	€1.29	€11.71
2008	€12.51	€1.29	€13.80
2009	€13.63	€1.29	€14.92
2010	€13.63	-	€13.63
2011	€13.63	-	€13.63
2012	€13.63	-	€13.63

Caibidil 13
AISTRIÚ TEIDLÍOCHTAÍ ÍOCAÍOCHTA

Níl teidlíochtaí íocaíochta ceangailte le talamh ach baineann siad leis an bhfeirmeoir a bhí i mbun feirmeoireachta le linn na tréimhse tagartha agus a

fuair íocaíochtaí díreacha faoi cheann amháin nó níos mó de na scéimeanna maidir le Préimheanna Beostoic agus/nó Cúnamh Curaíochta, 2000 – 2002.
Is féidir teidlíochtaí a aistriú trí dhíol/léas/bhronntanas nó oidhreacht.
Is féidir teidlíochtaí a dhíol le talamh nó gan é ach ní féidir iad a dhíol ach gan talamh chomh luath agus a úsáidtear 80% in aon bhliain amháin.
Ní féidir teidlíochtaí a léasú gan talamh. Ní féidir iad a léasú amach d'fheirmeoir eile ach má chuirtear leo líon coibhéiseach heicteár de thalamh incháilithe. Is féidir teidlíochtaí a aistriú freisin, le talamh nó gan é, mar bhronntanas nó trí oidhreacht.

I gcás oidhreachta d'eastát nuair a thiomnaítear an talamh go páirtí amháin agus an t-iarmhar den eastát do pháirtí eile, bíonn na teidlíochtaí mar pháirt d'iarmhar an eastáit mura sonraítear a mhalairt san Uacht.
Má tharlaíonn go dteastaíonn ó úinéir tréada aon athruithe a dhéanamh ar líon a t(h)réada mar chur ainm leis nó é a bhaint de nó a athrú agus gur mian leis/léi go n-athrófar na teidlíochtaí don ainm nua freisin, ní mór foirm maidir le hAistriú Teidlíochta a líonadh isteach.
Ní féidir teidlíochtaí ón gCúltaisce Náisiúnta a aistriú ach amháin mar bhronntanas nó mar oidhreacht.
Ní féidir teidlíochtaí a aistriú go feirmeoir eile a shaothróidh sa Ballstát céanna inar bunaíodh na teidlíochtaí.

Foilsíodh foirm iarratais shonrach maidir le hAistriú Teidlíochtaí, chomh maith leis na rialacha miona a bhaineann le hAistriú Teidlíochtaí, agus tá sí le fáil ó Oifigí Áitiúla na Roinne, nó suíomh Gréasáin na Roinne ag http://www.agriculture.gov.ie/ nó ó ThEAGASC. Tá na foirmeacha seo le fáil chomh maith ón Rannóg um Aistriú Teidlíochta, Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgnimh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise ag Lóghlao 1890-200-560.
Más mian le feirmeoir Teidlíochtaí maidir le bliain Scéim Aoníocaíochta 2007 a aistriú, caithfear an fhoirm iarratais líonta isteach, chomh maith le haon cháipéisí tacaithe eile, a chur isteach roimh an dáta deiridh de 4 BEALTAINE 2007.

Caibidil 14
AISTRIÚ GABHÁLTAS IOMLÁN LE LINN NA TRÉIMHSE 10 MÍ.

Is éard is brí le "Aistriú gabháltais" ná díol, léasú nó imeacht den chineál céanna maidir leis na haonaid tháirgthe atá i gceist. Is éard is brí leis an "Aistreoir" ná an feirmeoir a n-aistrítear a ghabháltas go feirmeoir eile. Is éard is brí leis "an Aistrí" ná an feirmeoir a n-aistrítear an gabháltas dó.
Nuair a aistrítear gabháltas iomlán ó fheirmeoir amháin go feirmeoir eile, idir an dáta ar a gcuirtear iarratas isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta agus dáta éaga na tréimhse 10 Mí (féach Caibidil 19 faoi riail na 10 mí), ní féidir aon íocaíocht a dhéanamh don aistreoir ós rud é nár comhlíonadh na coinníollacha chun an Aoníocaíocht a bhronnadh.
D'fhonn íocaíocht a eisiúint don aistrí, ní mór don aistrí aontú teacht i gcomharbas ar fhreagrachtaí an aistreora trí Dhearbhú Gealltanais (SPS/UND) a líonadh isteach. Ní mór don Aistreoir agus don Aistrí araon an fhoirm seo a líonadh agus caithfear foirm maidir le hAistriú Teidlíochta

(SPS/TE) a bheith in éineacht leis. Tá na foirmeacha seo le fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne www.agriculture.gov.ie Ní mór don aistrí na coinníollacha faoi bhronnadh an chúnaimh a chomhlíonadh agus na gealltanais a thugann an t-aistreoir a urramú. Measfar an gabháltas a aistrítear mar ghabháltas ar leith agus ní chuirfear le haon ghabháltas eile de chuid an aistrí don bhliain ina dtarlaíonn an t-aistriú.
Nuair a aistrítear an gabháltas iomlán ó iarrthóir na hAoníocaíochta go feirmeoir eile tar éis don tréimhse 10 mí dul i léig, bronnfar aon íocaíochtaí atá dlite le haghaidh na bliana atá i gceist don aistreoir agus aistreofar an gabháltas agus na teidlíochtaí (nuair is cuí) don aistrí le héifeacht ón mbliain dár gcionn.

Caibidil 15
COMHDHLÚTHÚ TEIDLÍOCHTAÍ

I gcúinsí sainmhínithe áirithe, is féidir le feirmeoir iarratas a dhéanamh chun a c(h)uid teidlíochtaí a chomhdhlúthú ar níos lú heicteár ná a raibh le fáil don fheirmeoir sin le linn na tréimhse tagartha. Chun tairbhe a bhaint as an bhforáil seo, ní mór d'fheirmeoir an talamh ar fad atá ar fáil dó/di in 2007 a dhearbhú ar fhoirm iarratais bhailí Scéim Aoníocaíochta 2007.

Ní foláir don líon heicteár a dhearbhaítear ar fhoirm iarratais SPS 2007 a bheith níos lú ná líon na dteidlíochtaí Caighdeánacha a leithdháiltear sa chéad bhliain d'fheidhmiú Scéim na hAoníocaíochta (2005) móide aon teidlíochtaí a bhronntar ort maidir le Cúiteamh as Biatas Siúcra.

Bíonn feirmeoirí incháilithe chun a gcuid Teidlíochtaí a chomhdhlúthú más rud é gur tharla an laghdú ar líon na heicteár a dhearbhaítear san fhoirm iarratais de bharr cinn amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:

- foraoisiú na talún;
- díol na talún le húdarás talún chun críoch neamhthalmhaíochta (áireofar leis seo tailte a ceannaíodh go héigeantach ar mhaithe le forbairt bóithre agus mar sin de);
-tailte a léasaíodh i bpáirt nó in iomlán den tréimhse tagartha (2000-2002) agus go bhfuil an comhaontú léasa imithe ar éag, nó go n-imeoidh sé agus nach mbeidh na tailte atá i gceist incháilithe le dearbhú ar d'Iarratas SPS 2007;
-tailte a ligeadh ar cíos i bpáirt nó in iomlán den tréimhse tagartha (2000-2002) agus go bhfuil an comhaontú léasa imithe ar éag, nó go n-imeoidh sé agus nach mbeidh na tailte atá i gceist incháilithe le dearbhú ar d'Iarratas SPS 2007;

Ní bheidh feirmeoir a dhearbhaíonn níos lú heicteár ar a f(h)oirm iarratais Scéim Aoníocaíochta 2007 ná an meán a shaothraigh sé/sí le linn na tréimhse tagartha, díreach mar gheall gur dhíol nó gur léasaigh sé/sí talamh amach go deonach, incháilithe chun a c(h)uid teidlíochtaí a chomhdhlúthú. Má chomhlíonann feirmeoir ceann de na critéir chun a bheith incháilithe chun comhdhlúthú a dhéanamh agus más rud é freisin gur dhíol nó gur léasaigh sé/sí an talamh amach agus nár chuir aon rud ina áit, déanfar an talamh a díoladh nó a léasadh amach a chur leis an achar a dhearbhaítear chun líon

na dteidlíochtaí comhdhlúthaithe a chinneadh. Sa chás seo, ní bhainfear feidhm as na teidlíochtaí comhdhlúthaithe ar fad mar sin i mbliain an chomhdhlúthaithe agus déanfar na teidlíochtaí nár baineadh feidhm astu a ghéilleadh don Chúltaisce Náisiúnta.

Chun críocha Comhdhlíthaithe, géilleann an t-iarrthóir a c(h)uid teidlíochtaí don Chúltaisce Náisiúnta agus eiseofar na teidlíochtaí comhdhlúthaithe ansin faoi na coinníollacha a bhaineann le cionroinnt Cúltaisce. Ní féidir teidlíochtaí curtha i leataobh a chomhdhlúthú agus beidh na riachtanais éigeantacha a bhain leis na teidlíochtaí seo i gceist fós tar éis d'iarrthóir a c(h)uid teidlíochtaí Caighdeánacha a chomhdhlúthú. Tagann teidlíochtaí comhdhlúthaithe ón gCúltaisce Náisiúnta agus ní féidir iad a léasú amach ná a aistriú ar an ábhar sin, ach amháin mar oidhreacht, ar feadh 5 bliana. Ní mór don fheirmeoir é/í féin leas a bhaint astu gach bliain ar feadh tréimhse de chúig bhliain. Rachaidh aon teidlíochtaí nár baineadh feidhm astu i bhfrithdhílse go huathoibritheach sa bhliain sin chuig an gCúltaisce Náisiúnta.

Foilsíodh foirm iarratais shonrach maidir le comhdhlúthú Teidlíochtaí, chomh maith le rialacha miona, agus tá sí le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgnimh an Rialtais, Port Laoise, Contae Laoise nó ó oifigí áitiúla na Roinne nó ar shuíomh Gréasáin ag http://www.agriculture.gov.ie/ nó ó THEAGASC. Tá na foirmeacha seo le fáil chomh maith ón Rannóg um Chomhdhlúthú, Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgnimh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise ag Lóghlao 1890-252-241.

Más mian le feirmeoir cur isteach ar Chomhdhlúthú in 2007, cuir isteach an fhoirm iarratais líonta isteach le do thoil, chomh maith le aon cháipéisí tacaithe go dtí an Rannóg um Chomhdhlúthú, Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Foirgneamh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Contae Laoise faoin dáta deiridh de 4 Bealtaine 2007.

Caibidil 16
SAINMHÍNITHE TALÚN FAOIN SPS

IS IONANN AON HEICTEÁR AMHÁIN DE THALAMH A DHEARBHAÍTEAR AGUS AON TEIDLÍOCHT SPS AMHÁIN

Talamh incháilithe faoin SPS

Chun íocaíocht a tharraingt anuas maidir le do chuid teidlíochtaí Caighdeánacha, ní mór "heicteár incháilithe" a bheith agat le cur le gach teidlíocht. Áirítear le "heicteár incháilithe" sa chomhthéacs seo talamh a úsáidtear chun arbhar, síolta ola, roschoill uainíochta, miscanthus sinensis, barra próitéine, biatas siúcra, min bhuí, biatas farae, tornapaí, biatas mór, cál, féar le haghaidh sadhlais nó féar tirim nó féarach. I gcás gach heicteáir a dhearbhaítear, eisiann an t-achar incháilithe aon réimsí ar a bhfuil foirgnimh; clóis fheirme; coillte; aibhneacha; sruthanna; locháin; cosáin; bóithre feirme; carraig lom; scrobarnach nó portach nach bhfuil oiriúnach le haghaidh féaraigh. Ní gá laghdú a dhéanamh maidir le sconsaí, iomairí cinn,

fálta sceach nó draenacha. Ní mór sconsaí oiriúnacha a bheith thart faoi aon réimsí foráiste.

Talamh nach bhfuil incháilithe faoin SPS

Ní talamh incháilithe é talamh atá go buan faoi bharra. torthaí, glasraí agus prátaí ná aon talamh as a mbaintear feidhm chun críocha neamhthalmhaíochta (galfchúrsaí srl.). Is iad na Barra Buana a ndéantar tagairt dóibh ná barra neamhuainíochta (seachas féarach buan) a bhíonn ar an talamh ar feadh cúig bliana nó níos faide agus a chuireann fómhar ar fáil arís is arís eile.

Talamh incháilithe do Chur i Leataobh

Faoi Scéim na hAoníocaíochta, is éard is heicteár atá incháilithe chun feidhm a bhaint as teidlíocht Cuir i leataobh ann ná aon achar talmhaíochta i ngabháltais an fheirmeora ina mbíonn talamh curaíochta, ach amháin achair a bhí, nuair a cuireadh iarratais faoi Chúnamh Curaíochta 2003 isteach, faoi bharra, foraoiseacha buana nó a úsáideadh chun gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta nó faoi fhéarach buan. Áirítear leis an talamh ar fad a threabhtar chun barra curaíochta a shaothrú agus freisin talamh a dhearbhaítear a bheith curtha i leataobh sa tréimhse 1998 go 2002. Áirítear leis freisin talamh a threabhtar chun barra curaíochta a shaothrú agus talamh a bhí curtha i leataobh ar an ngabháltas i mBealtaine 2003. Tá talamh as a mbaintear feidhm chun barra mar bhiatas siúcra, prátaí agus a leithéidí a shaothrú sa tréimhse 1998 go 2002, agus in 2003 go dtí Bealtaine na bliana sin, incháilithe freisin chun teidlíochtaí Cuir i Leataobh a úsáid. Is féidir talamh a bhí incháilithe roimhe chun cúnamh curaíochta a fháil ach a cuireadh isteach i Scéim na bPréimheanna Foraoiseachta ó shin a úsáid chun teidlíochtaí cuir i leataobh faoi Scéim na hAoníocaíochta a chur i ngníomh faoi Scéim na hAoníocaíochta ach ní bheidh sé incháilithe le haghaidh íocaíochta.

Talamh nach bhfuil incháilithe do Chur i Leataobh

Níl talamh as a mbaintear feidhm mar fhéarach buan a treabhadh chun críocha athshíolta amháin sa tréimhse 1998 – 2003 incháilithe do chur i leataobh. Níl talamh a treabhadh chun barra a tháirgeadh nó nach raibh faoi chur i leataobh ó 1998 go dtí an t-am ar cuireadh iarratais faoi Chúnamh Curaíochta isteach in 2003 incháilithe do theidlíochtaí Cuir i Leataobh.

Talamh curaíochta

Is éard is brí le talamh curaíochta ná talamh a shaothraítear chun barra a tháirgeadh agus talamh faoi chur i leataobh nó a chothaítear i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil gan bhacadh leis go raibh an talamh faoi thithe gloine nó a mhalairt nó faoi chlúdach socraithe nó soghluaiste.

Féarach buan

Is éard is féarach buan ann ná talamh as a mbaintear feidhm chun féar nó foráiste luibheach eile a shaothrú go nádúrtha (féinshíolta) nó trí shaothrú (curtha) agus nach raibh ina chuid den rothlú barra ar an ngabháltas le cúig bhliain nó níos faide anuas, seachas talamh faoi scéimeanna cuir i leataobh. Aicmítear talamh a dearbhaíodh mar fhéar/fhoráiste ar fhoirm iarratais faoi Chúnamh Curaíochta 2003 agus a dearbhaíodh freisin mar fhoráiste/fhéar sna cúig blianta go dtí 2003 agus an bhliain sin san áireamh mar fhéarach buan anois. Priontáiltear dáileachtaí talún a chomhlíonann an sainmhíniú seo ar d'fhoirm iarratais mar "Fhéarach buan".

Caibidil 17
RIALACHA BAINISTÍOCHTA CHUR I LEATAOBH

Forálacha ginearálta

- **Is é an tréimhse cuir i leataobh ná 15ú Eanáir 2007 go 31ú Lúnasa 2007.**
- **Ní bheidh achair cuir i leataobh níos lú ná 0,1 heicteár i méid agus 10 méadar ar leithead. Ar chúiseanna comhshaoil fírinnithe go dlite, is féidir le Ballstáit glacadh le hachair atá 5 méadair ar a laghad ar leithead agus 0,05 i méid.**
- **Le linn na tréimhse cuir i leataobh, cosctar feaidhm a bhaint as talamh mar chur i leataobh ar mhaithe le haon táirgeadh talmhaíochta nó é a chur go haon úsáid talmhaíochta nó bhrabúsach, ach amháin nuair is ann do chonarthaí chun barra neamhbhia a tháirgeadh. D'fhéadfadh cliseadh chun é seo a chomhlíonadh táirgeoir a dhéanamh neamhincháilithe maidir leis na sochair uile faoi Scéim na hAoníocaíochta.**
- **Is féidir talamh curtha i leataobh a úsáid chun ábhar a chur ar fáil chun táirgí a dhéanamh taobh istigh den Aontas Eorpach nach chun caitheamh ag daoine nó ainmhithe go príomha iad. Is féidir na barra seo a shaothrú díreach má bhíonn siad ar an mbealach go húsáid deiridh cheadaithe. Tá liosta de na barra bliantúla agus marthanacha atá ceadaithe agus na húsáidí deiridh ceadaithe le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta.**

Díolúiní ón riachtanas maidir le cur i leataobh
Ní bheidh oibleagáid maidir le cur i leataobh ar fheirmeoir más rud é:
(a) Go mbíonn a g(h)abháltas ar fad i dtáirgeadh orgánach de tháirgí talmhaíochta agus go mbíonn sé/sí cláraithe mar fheirmeoir orgánach leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, nó
(b) Go n-úsáidtear an talamh atá curtha i leataobh chun ábhar a chur ar fáil chun táirgí a dhéanamh taobh istigh den Aontas Eorpach nach chun caitheamh ag daoine nó ainmhithe go príomha iad.

FORÁLACHA MIONA MAIDIR LE BAINISTÍOCHT AR THALAMH CURTHA I LEATAOBH
Iarrann rialacháin de chuid an AE go ndéantar bainistíocht ar thalamh a chuirtear i leataobh ar a leithéid de bhealach chun cosaint an chomhshaoil a chinntiú. Ní mór Coinníollacha maidir le Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil a urramú.

Le linn na tréimhse 15ú Eanáir 2007 go 15ú Aibreáin 2007:
(1) Nuair a bunaíodh clúdach glas ba cheart é a choinneáil go dtí 15ú Aibreáin 2007 ar a laghad.
(2) Is é an t-aon ghníomhaíocht amháin atá ceadaithe ar thalamh atá curtha i leataobh ná an ceann a bhaineann le barra neamhbhia. Tá liosta le fáil ach é a iarraidh ó Aonad na hAoníocaíochta.

Le linn na tréimhse 4 Bealtaine go 31ú Lúnasa 2007:

(1) Ní cheadaítear treabhadh talún atá curtha i leataobh le linn na tréimhse ach amháin chun na gcríocha seo a leanas:
- ó 4 Bealtaine chun clúdach glas (lena n-áirítear talamh a úsáideadh le haghaidh barra fréimhe a bhaintear go déanach) a bhunú nó
- ó 16ú Iúil chun talamh a ullmhú chun síol a chur le baint sa bhliain dár gcionn.
(2) Ní mór clúdach glas a ghearradh babhta amháin ar a laghad le linn na tréimhse 16ú Iúil go 15ú Lúnasa 2007 chun clúdach nach mó ná 15cm é a fhágáil. Ní mór an méid a ghearrtar a fhágáil ar an talamh agus ní cheadaítear é a chasadh ná a chornú.
(3) Ní mór an clúdach glas a bhunaítear ar thalamh atá curtha i leataobh, agus é arna chóireáil le luibhicídí chun táirgeadh lus a laghdú, na lusanna cóireáilte, lena n-áirítear aon athfhás, a bheith barraithe agus bainistithe de réir na gcoinníollacha a shonraítear maidir le clúdach glas ag (2) thuas.
(4) Más rud é go gcaitear an clúdach glas a ghearradh sa tréimhse 4 Bealtaine go 15ú Iúil 2007 d'fhonn smacht a choinneáil ar fhiailí (mar fheochadáin, copóga, buachalán nó coirce), nó chun dealramh inghlactha a chothú, is féidir é a ghearradh go dtí airde a fhágann 15cm. Ní mór an méid a ghearrtar a fhágáil ar an talamh agus ní cheadaítear é a chasadh ná a chornú.
(5) Ba cheart gearradh a dhéanamh i gcónaí ar a leithéid de bhealach a fhágann slí éalaithe do fhiabheatha mar a bheith ag gearradh amach ó lár an ghoirt.
(6) Nuair is ann do chlúdach glas, ceadaítear smachtú fiailí ó 4 Bealtaine, le saothrú tanaí nó úsáid luibhicídí nach seasann fada de réir mar is cuí, lena n-áirítear paraquat / diquat agus glyphosate (le cead chun iad úsáid ar thalamh atá curtha i leataobh).
(7) Nuair is ann do chlúdach glas, ceadaítear leasú)orgánach nó a mhalairt) agus aol a chur air idir 4 Bealtaine agus 31ú Lúnasa 2007 ag leibhéil nach sáraíonn riachtanais maidir le plandaí.
(8) Nuair a sháraítear rialacha maidir le bainistíocht ní dhéanfar íocaíocht maidir leis na Teidlíochtaí Cuir i Leataobh atá i gceist agus d'fhéadfadh laghdú a beith ann freisin ar íocaíochtaí na dTeidlíochtaí Caighdeánacha nuair nach gcomhlíontar an riachtanas éigeantach maidir le cur i leataobh ina dhiaidh sin.

<u>Tar éis na tréimhse Cuir i Leataobh</u>
Idir 1ú Meán Fómhair 2007 agus 14ú Eanáir 2008, is féidir le feirmeoirí

- **Feidhm a bhaint as an talamh dóibh féin – táirgeadh sadhlais nó féarach;**
- **Sadhlas a ghearradh len é a dhíol;**
- **Na tailte a ligean ar cíos nó a dhíol fhad agus a bhíonn an tréimhse 10 mí faoi Scéim 2007 thart.**

<u>Socruithe maidir le talamh curtha i leataobh le haghaidh feirmeoirí orgánacha cláraithe</u>
Is féidir le feirmeoirí orgánacha a gcomhlíonann a gcuid gabháltas riachtanais Rialachán an AE maidir le feirmeoireacht orgánach agus a bhíonn cláraithe amhlaidh leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, na barra farae pónracha seo a leanas a shaothrú ar an talamh incháilithe atá curtha i leataobh acu faoi Scéim Aoníocaíochta 2007:

Galega Spp., Hedysarum Spp., Lathyrus Spp., Lotus Spp., Lupinus Spp., Medicago Spp., Melilotus Spp., Onobrychus Spp., Ornithopus Spp., Trifolium Spp., Trigonella Spp., Vicia Spp., agus Vigna Spp.
Is féidir na barra farae seo a ghearradh mar shadhlas chun ainmhithe an iarrthóra féin amháin a bheathú nó mar fhéarach d'ainmhithe an iarrthóra féin amháin le linn na tréimhse cuir i leataobh.

Caibidil 18
REPS AGUS BEARTA FORAOISEACHTA

REPS
Má bhíonn tú ag glacadh páirte in REPS, bíonn ort na dáileachtaí talún ar fad atá agat ar do ghabháltas a dhearbhú (Leat Féin, Ar Cíos agus Léasaithe) ar d'fhoirm iarratais SPS 2007. Ba cheart go mbeadh a fhios agat nach mbeidh ach na dáileachtaí talún a dhearbhaítear ar fhoirm iarratais SPS 2007 agus a chláraítear le huimhir shainaitheanta shainniúil ar chóras aitheanta dáileachtaí talún na Roinne (LPIS) incháilithe chun íocaíocht a fháil faoi REPS agus nach mbeidh ach an t-achar a chláraítear ináirithe le haghaidh íocaíochta faoi REPS.

Beidh talamh a úsáidtear ar mhaithe le Gnáthóga a cruthaíodh as an nua ar a ndéantar bainistíocht faoi phlean REPS 3 (roghanna 4A, 9B de REPS 3, Gnáthóga GLEOISEACH agus Talamh Bhruachánach Curtha i Leataobh) nó faoi Scéim Talmhaíochta agus Comhshaoil arna riaradh ag an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) incháilithe chun teidlíochtaí a úsáid faoi Scéim na hAoníocaíochta. Beidh an talamh seo faoi tharscaoileadh ó ghnáthriachtanais maidir le bainistíocht ar fhéarach agus/nó gearradh faoi Choinníollacha maidir le Dea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil i gcásanna nuair a chloíonn na gnáthóga seo le coinníollacha REPS agus coinníollacha Scéim Talmhaíochta agus Comhshaoil na NPWS.

Bearta Forlíontacha REPS
Má bhíonn tú ag glacadh páirte i mBeart Forlíontach REPS 4 (Saincheantair Bhruachánacha) nó Beart Forlíontach REPS 5 (Gnáthóga GLEOISEACH), ní mór na hachair seo a dhearbhú ar fhoirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta agus ní mór na léarscáileanna a shainaithníonn na hachair a chur leis an bhfoirm iarratais. Agus foirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta á líonadh isteach aige, ba cheart don iarrthóir na nithe seo a leanas a dhéanamh;

- **Saincheantair Bhruachánacha a dhearbhú sa chatagóir foráiste i gcolún 9 agus na focail "Saincheantar Bruachánach" a scríobh i gcolún 10.**
- **Gnáthóga GLEOISEACH a dhearbhú sa chatagóir curaíochta i gcolún 9 agus na focail "Gnáthóg GLEOISEACH" a scríobh i gcolún 10.**

REPS 3: Gnáthóga Nua faoi Rogha Bithéagsúlachta 4A
Má tá tú ag glacadh páirte i Rogha Bithéagsúlachta REPS 4A, ní mór na hachair seo a dhearbhú ar leith mar fhoroinnt de dháileacht talún ar Fhoirm Iarratais Scéim na hAoníocaíochta. An fhoroinnt do Ghnáthóg REPS 3 sa chatagóir EILE i gcolún 9 agus na focail "Gnáthóg REPS 3" a scríobh i gcolún 10.

Nuair a úsáideann tú páirt de dháileacht talún mar ghnáthóg nua faoi REPS 3 agus cé nach gá na hachair seo a shainmhíniú ar léarscáil, ba cheart duit an fhoroinnt seo den cheapach a thaispeáint ar an hfoirm iarratais mar seo a leanas:

- **Scrios amach na sonraí réamhphriontáilte faoin dáileacht sin.**
- **Cuir isteach na sonraí faoi gach foroinnt den dáileacht sin ar líne nua ag baint feidhme as an uimhir dáileachta naoi ndigit a bhí ann ar dtús chomh maith le haitheantóir sonrach "A" nó "B" tar éis Uimh. LPIS gach foroinnte.**

Sampla d'Fhoroinnt Shealadach

Uimh LPIS	Achar Comhlán	Glanachar
~~**L12345678**~~	~~**5.2**~~	~~**4.5**~~
L12345678a	**5.2**	**4.0**
L12345678b	**5.2**	**0.5**

FORAOISEACHT

Má fhaigheann tú cúnamh faoi Scéin na bPréimheanna Foraoiseachta, beidh ort na dáileachtaí talún ar fad atá agat a dhearbhú (Leat Féin, Ar Cíos agus Léasaithe) ar d'fhoirm iarratais SPS 2007. Ní mór gach dáileacht talún a fhaigheann íocaíocht faoi Scéim na bPréimheanna Foraoiseachta a chlárú freisin ar chóras aitheanta díleachtaí talún (LPIS) na Roinne le huimhir shainaitheanta shainniúil. Má chliseann ort dáileachtaí faoi fhoraois faoin scéim seo a chlárú ar LPIS d'fhéadfaí íocaíochtaí préimheanna foraoisachta a chailliúint.

Caibidil 19
RIAIL NA 10 MÍ MAIDIR LE TALAMH AR FÁIL

Chun íocaíocht a éileamh faoi Scéim Aoníocaíochta 2007, caithfear na heicteáir uile de thalamh a éilíonn tú mar thacú le d'éileamh (leat féin, ar cíos agus léasaithe) a bheith le fáil duit ar feadh tréimhse leanúnaí de 10 mí ar a laghad. Ní mór dáta tosaigh don 10 mí a dhearbhú maidir le gach dáileacht/ceapach ar d'iarratas. Is é an dáta tosaigh is luaithe don tréimhse 10 mí seo ná 1ú Meán Fómhair 2006 agus an dáta tosaigh is déanaí ná 30ú Aibreáin 2007. Déanfar colún 9 ar leathanach cúil d'fhoirme iarratais a réamhphriontáil leis an dáta deiridh don dáileacht faoi Scéim SPS 2006. Déanfar Colún 10 a réamhphriontáil le dátaí tosaigh le haghaidh 2007 bunaithe ar na sonraí i gColún 9. Más mian leat dáta tosaigh 2007 a athrú, cuir líne tríd an dáta réamhphriontáilte agus scríobh an dáta nua isteach sa cholún sin.

Go ginearálta, ní cheadaítear ach aon dáta tosaigh amháin an gabháltas, is é sin an dáta tosaigh céanna do gach dáileacht. Ach beidh rogha ag feirmeoir faoin dara dáta tosaigh mar is gá le dáileachtaí sna cúinsí seo a leanas:

- **nuair a bhíonn sé/sí ag léasú na talún nó a bhíonn sé aige/aici ar cíos;**
- **nuair a thagann léas nó comhaontí cíosa chun críche agus a bhfaigheann an t-úinéir an talamh ar ais;**
- **nuair a fhaigheann sé/sí talamh mar cheannach, oidhreacht nó mar bhronntanas;**
- **nuair a chuireann sé/sí barra geimhridh agus earraigh araon;**

- **nuair a chuireann sé/sí barra geimhridh/earraigh araon agus a fheidhmíonn sé/sí fiontar beostoic;**
- **nuair a chuireann sé/sí barra geimhridh agus a fheidhmíonn sé/sí fiontar beostoic;**
- **nuair a fhaigheann sé/sí talamh curtha i leataobh tar éis 15ú Eanáir 2007;**
- **nuair a bhíonn sé i gceist aige/aici cuid dá g(h)abháltas a chur faoi fhoraois in 2007;**
- **Suímh ar bith eile, a shocrófar ag an Roinn ó thráth go chéile.**

Agus an dáta tosaigh le haghaidh na dáileachta á roghnú agat, ba cheart fios a beith agat faoin tréimhse 10 mí a dearbhaíodh maidir leis an gceapach sin in 2006. Ba cheart cúram a ghlacadh nach bhfuil aon dúbláil idir deireadh na tréimhse ar cíos le haghaidh 2006 agus tosach na tréimhse 10 mí do bhliain Scéim 2007. I gcás dáileachtaí a dhearbhaítear mar thalamh curaíochta in 2006, níor cheart go dtosódh an tréimhse 10 mí do SPS 2007 go dtí tar éis an dáta ar a mbaintear barra 2006. I gcás barra geimhridh mar shampla, d'fhéadfadh go mbeidh ort Dáta Tosaigh 1ú Meán Fómhair 2006 a roghnú le haghaidh na ndáileachtaí atá i gceist. Chríochnódh an tréimhse 10 mí ansin ar 30ú Meithimh 2007. Ar an láimh eile, d'fhéadfadh Dáta Tosaigh in Eanáir - Feabhra 2007 a bheith ní b'oiriúnaí le haghaidh dáileachtaí a cuireadh san earrach agus b'fhéidir le haghaidh ceapach Foráiste. Chríochnódh an tréimhse 10 mí ansin i Samhain – Nollaig 2007.
Maidir le dáileachtaí Curtha i Leataobh, bíonn na coinníollacha maidir le Cur i Leataobh i bhfeidhm ar bhonn éigeantach ó 15ú Eanáir 2007 go 31ú Lúnasa 2007. Caithfidh an tréimhse 10 mí an tréimhse iomlán seo a thabhairt isteach más ea. Ach nuair a dhéantar an dáileacht curtha i leataobh a léasú nó a ligean ar cíos tar éis 15ú Eanáir 2007 agus nuair a chomhlíon an t-áititheoir a bhí ann roimhe na riachtanais le héifeacht ó 15ú Eanáir 2007, tosóidh an tréimhse 10 mí sa chás seo ar dháta an léasa/na cíosa agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh 10 mí ina n-iomláine.
Ba cheart go dtabharfadh feirmeoirí a bhfuil fúthu cuid dá ngabháltas a chur faoi fhoraois nach mbeidh siad saor chun tús a chur le foraoisiú ó 1ú Iúil 2007 ar dháileachtaí a dearbhaíodh faoi SPS 2007 nuair a thug siad dáta tosaigh de 1ú Meán Fómhair 2006 le fios.
Ba cheart go mbeadh a fhios agar go bhféadfadh aon athrú ar an uimhir thréada tar éis dáta an iarratais agus le linn na tréimhse 10 mí righneas a chur ar íocaíocht. Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an Rannóg chuí in Aonad na hAoníocaíochta má tharlaíonn aon athrú ar d'uimhir thréada.

Caibidil 20
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SONRACHA A BHAINEANN LE SCÉIM 2007 NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE

TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL
TÁ SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÚBHUNTÁISTE MAR PHÁIRT DE CHLÁR FORBARTHA TUAITHE 2007 GO 2013, ATÁ AG FANACHT LE FAOMHADH Ó CHOIMISIÚN AN AE. D'FHÉADFADH GO

MBEIDH ATHRUITHE I GCEIST MAIDIR LE TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA SCÉIME DÁ BHARR SIN.

A. Incháilitheacht
Chun a bheith incháilithe chun íocaíocht a fháil faoi Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste (DAS) ní mór duit:
(1) A bheith 18 mbliain d'aois nó níos sine le huimhir thréada bhailí arna h-eisiúint ón Roinn Talmhaíochta agus Bia.
(2) Bheith i mbun feirme ar do riosca féin agus trí heicteár ar a laghad de thalamh foráiste a shaothrú in achar taobh istigh den Stát atá ainmnithe mar Limistéar faoi Mhíbhuntáiste ag an Aire agus rangaithe mar Thalamh Íseal Mhídheisiúil nó mar Limistéar Cósta le Mídheisiúlacht Shonrach nó Talamh Íseal Níos Mídheisiúla nó mar Fhéarach Sléibhe.
(3) Gealladh leanúint ar aghaidh i mbun feirmeoireachta i limistéar faoi mhíbhuntáiste ar feadh cúig bliana ón gcéad íocaíocht maidir le Limistéir faoi Mhíbhuntáiste.
(4) Traschomhlíonadh a chomhlíonadh faoi mar a leagtar síos ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia ina leabhráin "The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance" (Márta 2005), "The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance Requirements to be implemented in 2006 and 2007" (Lúnasa 2006) agus "Explanatory Handbook for Good Agricultural Practice Regulations" (Samhain 2006). Féach Caibidil 25 chun sonraí iomlána a fháil.
(5) Gabháltas a bheith agat le leibhéal stoic de 0.15 aonad beostoic ar a laghad an heicteár foráiste.
(6) Maidir le haon choimíneacht sléibhe a shaothraíonn tú, a bhaith páirteach faoi REPS nó aon Scéim Náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ar bun nó Creatphlean na gCoimíneachtaí ábhartha a chomhlíonadh.
(7) Comhoibriú le foireann na Roinne maidir le haon chigireacht nó aon iarratas chun cáipéisí a fháil.

B. <u>Achar foráiste incháilithe maidir le DAS</u>
Chun íocaíocht faoi Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a áireamh, is é achar foráiste do ghabháltais ná gach heicteár talún nó páirt de atá suite i Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a ainmnítear mar Thalamh Íseal Mídheisiúil nó mar Limistéar Cósta le Mídheisiúlacht Shonrach nó Talamh Íseal Níos Mídheisiúla nó mar Fhéarach Sléibhe taobh istigh den Stát.
Is féidir áireamh le hachar foráiste féarach garbh; scaireanna coimíneachta; cearta féaraigh áirithe; barra seachas féar as a mbaintear feidhm mar fhoráiste lena n-áirítear min bhuí, biatas farae, biatas siúcra, tornapaí, boatas mór, ráib foráiste, cál; agus achair as a mbaintear feidhm chun féar tirim nó sadhlas a tháirgeadh.

C. <u>Achair nach bhfuil incháilithe maidir le DAS</u>
Achair faoi bhóithre, cosáin, foirgnimh, clóis fheirme, coillte, scrobarnach, aibhneacha, sruthanna, locháin, locha, gaineamh, carraig lom agus mar sin de; achair as a mbaintear feidhm chun móin a bhaint, achair as a mbaintear feidhm chun cairéal a oibriú, achair le sconsaí thart timpeall orthu ó fhéarach, achair nach féidir teacht orthu agus achair nach bhfuil le fáil chun ainmhithe a oiliúint faoi phlean REPS agus a leithéid; achair as a mbaintear feidhm le haghaidh barra buana nó barra gortóireachta;
achair as a mbaintear faidhm le haghaidh na scéime cúnaimh maidir le farae triomaithe (táirgeadh mín féir); achair faoi arbhar nach arbhar farae é,

síolta ola agus barra próitéine; achair curtha i leataobh; achair as a mbaintear feidhme mar pháirceanna spóirt, galfchúrsaí, cur is teilgean agus mar sin de; achair Choimíneachta nach mór an stoc ar fad a bhaint díbh faoi Chreatphlean Coimíneachtaí.

D. Luacha Aonaid Bheostoic

Baintear feidhm as na luacha aonaid bheostoic seo a leanas chun comhlíonadh a áireamh maidir leis an leibhéal stoic is ísle de 0.15 aonad beostoic an heicteár foráiste faoi Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste. Ní mór duit an beostoc is gá a bheith agat, a choinneáil agus a chothú ar feadh trí mí i ndiaidh a chéile ar a laghad chun an leibhéal stoic is ísle a chothú.

D'fhéadfá a bheith díolmhaithe ó chomhlíonadh maidir leis an leibhéal stoic is ísle de 0.15 aonad beostoic an heicteár foráiste nuair a iarrtar leibhéal stoic níos ísle faoi phlean REPS maidir le do ghabháltas. I gcásanna dá leithéid sin, beidh an riachtanas go gcothaítear ainmhithe ar feadh trí mí i ndiaidh a chéile ar a laghad i gceist maidir leis an líon ainmhithe an heicteár foráiste arb ionann é i luacha aonaid bheostoic agus an leibhéal stoic níos ísle.

Cineál ainmhí	Luach aonaid Bheostoic	Cruthúnas a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil
Eallach baineann nó fireann os cionn 2 bhliain d'aois nó níos sine	1.0 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Comhlíonadh CMMS.
Eallach baineann nó fireann 2 bhliain nó níos óige	0.6 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Comhlíonadh CMMS.
Caora bhaineann nó fhireann	0.15 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Áireamh Caorach is déanaí curtha i gcrích.
Capaill nó capaillíní baineann nó fireann níos sine ná 6 mhí d'aois	1.0 aonad beostoic an ceann	Pas Capaill i d'ainm féin.
Capaill nó capaillíní baineann nó fireann 6 mhí d'aois nó níos óige	0.6 aonad beostoic an ceann	Pas Capaill i d'ainm féin.
Gabhair bhaininn nó fhirinn	0.15 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Áireamh Gabhar is déanaí curtha i gcrích.
Fia baineann nó fireann	0.3 aonad beostoic an ceann	Cruthúnas úinéireachta.

E. Leibhéal de chúnamh – faoi réir faomhtha

Déantar foráil faoi Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste chun íocaíocht mar seo a leanas, suas go dtí síleáil íocaíochta fhoriomlán de 45 heicteár foráiste.

1. **Talamh Íseal Mhídheisiúil agus Limistéir Chósta le Mídheisiúlacht Shonrach; €82.27 an heicteár foráiste.**
2. **Talamh Íseal Níos Mídheisiúla: €95.99 an heicteár foráiste.**
3. **Féarach Sléibhe: €109.71 an chéad 10 heicteár foráiste nó páirt de.**
4. **€95.99 an heicteár ar na heicteáir fhoráiste eile.**

Nuair a shaothraíonn tú teaglaim de na cineálacha talún thuas íocfar suim faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste leat taobh istigh den síleáil íocaíochta fhoriomlán de 45 heicteár foráiste ar Fhéarach Sléibhe sa chéad áit, ar Thalamh Íseal Níos Mídheisiúla sa dara háit agus ar Thalamh Íseal Mhídheisiúil agus Limistéir Chósta le Mídheisiúlacht Shonrach sa tríú háit chun an tsuim is féidir íoc leat a uasmhéadú. Maidir le haon choimíneacht a éilíonn tú taobh istigh de shíleáil na 45 heicteár foráiste ní híocfar leat, ar ndóigh, ach ar an gcéatadán den scair sa choimíneacht as a mbaineann tú feidhm.
Déileálfar leis an ngabháltas ina iomláine mar aon ghabháltas amháin chun críocha íocaíochta faoi Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste.

Déanfar Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, má dhéantar í a fhaomhadh, a chomh-mhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

F. <u>Pionóis as ró-dhearbhú achair</u>

RÓ-DHEARBHÚ ACHAIR FHORÁISTE I LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE	IARMHAIRTÍ A BHAINEANN LE RÓ-DHEARBHÚ
Ró-dhearbhú achair suas go 3% nó go huasmhéid de 2 heicteár	Bainfear faidhm as an achar a fhaightear mar íocaíocht
Ró-dhearbhú achair idir 3% agus 20% nó de níos mó ná 2 heicteár	Laghdófar an t-achar a fhaightear chun críocha íocaíochta dhá oiread na difríochta idir an t-achar a fhaightear agus an t-achar atá éilithe
Ró-dhearbhú achair idir 20% agus 50%	Ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais
Ró-dhearbhú de níos mó ná 50% den achar foráiste incháilithe a fhaightear	Ní dhéanfar aon íocaíocht maidir le Limistéir faoi Mhíbhuntáiste i mbliain an iarratais agus laghdófar fíneáil riaracháin, arb ionann í agus an tsuim de chúnamh atá iníoctha ar an difríocht idir an t-achar atá éilithe agus an t-achar a fhaightear, ó aon íocaíochtaí dlite sa trí bhliain ina dhiaidh sin

Ní bheidh na pionóis thuas i gceist nuair nach mbeadh íocaíocht ar an achar a fuarthas difriúil.
Chomh maith leis seo, nuair a dhéanann tú ró-dhearbhú achair <u>d'aonturas</u>, beidh na pionóis seo a leanas i gceist fiú dá ndéanfadh an ró-dhearbhú difríocht don íocaíocht.

RÓ-DHEARBHÚ ACHAIR FHORÁISTE I LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE	IARMHAIRTÍ A BHAINEANN LE RÓ-DHEARBHÚ
Ró-dhearbhú achair d'aonturas suas go 50%	Ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais.
Ró-dhearbhú achair d'aonturas os cionn 50%	Ní dhéanfar aon íocaíocht maidir le Limistéir faoi Mhíbhuntáiste i mbliain an iarratais agus laghdófar fíneáil riaracháin, arb ionann í agus an tsuim de chúnamh atá iníoctha ar an difríocht idir an t-achar atá éilithe agus an t-achar a fhaightear, ó aon íocaíochtaí dlite faoi SPS, DAS agus a leithéidí sa trí bhliain ina dhiaidh sin

G. iarrthóirí Nua le haghaidh DAS.

Mura gcoinníonn tú ort i mbun feirmeoireachta i limistéar faoi mhíbhuntáiste ar feadh cúig bliana ón gcéad íocaíocht Limistéar faoi Mhíbhuntáiste duit, ní mór duit gach íocaíocht Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a fuarthas ón gcéad íocaíocht sin (an ceann sin san áireamh) a athchistiú don Roinn seo – mura ngeallann ar aistríodh na tailte dó do ghealltanas 5 bliana a urramú. Nuair a aistríodh na tailte mar bhronntanas nó mar oidhreacht, glacfar le hiarratas le haghaidh DAS ag an iarrthóir nua mar aistriú den ghealltanas 5 bliana. Féadfaidh léasanna idir baill de theaghlach an gealltanas a chomhlíonadh.

H. <u>Cigireacht</u>

Beidh ar a laghad 5% d'iarrthóirí faoi réir cigireachta. Aontóidh iarrthóirí ligean d'oifigigh nó do ghníomhairí de chuid na Roinne cigireacht feirme a ghabháil de láimh le fógra roimh ré nó a mhalairt ag am réasúnta ar bith agus gan dochar do dhliteanas poiblí. Nuair a fhaightear faisnéis faoi cigireacht feirme, ba cheart d'iarrthóir socruithe a dhéanamh chun a bheith i láthair le haghaidh na cigireachta nó ionadaí a ainmniú ina (h)áit chun cabhrú leis an oifigeach cigireachta.

I. <u>Traschomhlíonadh</u>

Ní mór d'iarrthóirí faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste na riachtanais maidir le Traschomhlíonadh a urramú. Faoi na riachtanais a bhaineann le Traschomhlíonadh, ní mór d'fheirmeoir a fhaigheann íocaíocht faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste na riachtanais reachtúla éagsúla maidir le bainistíochta a leagtar síos i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) faoin gcomhshaol, sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí a urramú agus an fheirm a chothú i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhithe a chruthaigh go saorga na coinníollacha is gá chun a leithéid d'íocaíochtaí a fháil d'fhonn buntáiste a fháil atá in aghaidh na gcuspóirí a bhaineann leis an scéim tacaithe sin. Eisíodh leabhráin ar a dtugtar "The Single Payment Scheme - Your Guide to the Cross Compliance", "Guide to Cross Compliance Requirements to be implemented in 2006 and 2007" agus "Explanatory Handbook for Good Agricultural Practice Regulations" ina bhfuil cur síos ar na hoibleagáidí ar cheart iad a urramú, don uile fheirmeoir in 2005 agus 2006. Tugann na foilseacháin seo cur síos mion ar
na riachtanais maidir le Traschomhlíonadh a leagtar amach i Rialacháin an Choimisiúin (EC) Uimh. 796/2005 faoi mar a leasaíodh iad. Cuirtear sonraí faoi phionóis i láthair freisin.
Ba cheart d'fheirmeoirí na leabhráin seo a léamh go cúramach in éineacht leis an mBileog Chabhrach seo. Tá sonraí iomlána lena n-áirítear na liostaí seiceála ar fad le fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Beidh 1% d'iarrthóirí faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste faoi réir seiceála faoi Thraschomhlíonadh ach amháin baithígh mar a mbeidh ráta cigireachta de 5% i gceist.

J. <u>Iarratais dhéanacha</u>

Is é iarratas Aoníocaíochta 2007 ná an fhoirm iarratais a bhaineann le Scéim 2007 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste. Má fhaightear seo tar éis an dáta deiridh de 4 Bealtaine 2007, beidh laghdú de 1% ar íocaíocht na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste i gceist do gach lá oibre a bhíonn an t-iarratas déanach suas go dtí 29 Bealtaine 2007, an dáta sin san áireamh. Ní féidir aon íocaíochtaí faoi na Limistéir faoi Mhíbhuntáiste a dhéanamh maidir le haon iarratas a fhaightear tar éis 29 Bealtaine 2007.

.

Caibidil 21

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SONRACHA A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH.

SAINMHÍNIÚ

Sainmhínítear barra fuinnimh faoi Airteagal 88 de Rialachán AE 1782/2003 mar bharra a dhéantar a sholáthar go bunúsach chun na táirgí fuinnimh seo a leanas a tháirgeadh:

- **táirgí a mheastar mar bhithbhreosla;**
- **fuinneamh leictreach agus teirmeach a dhéantar a tháirgeadh ó bhithmhais.**

CÚNAMH

Íocfar cúnamh de €45 an heicteár as achair a chuirtear faoi bharra fuinnimh faoi na coinníollacha a leagtar síos i dTEIDEAL IV, Caibidil 5, de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1782/2003 agus Caibidil 8 de Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh 1973/2004.

MAOINIÚ NÁISIÚNTA BREISE:

Íocfar barrshuim breise de €80 an heicteár freisin, arna maoiniú ag an Státchiste Náisiúnta. Beidh an íocaíocht breise I bhfeidhm ar feadh trí bliana, ag tosú le Scéim 2007. Tá an íocaíocht breise seo faoi réir síleála an táirgeoir thar thrí bhliain; in 2007, is é an t-achar ar uasmhéid an táirgeoir ná 37.5 heicteár.

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE HINCHÁILITHEACHT

Ní dhéanfar an cúnamh a bhronnadh ach maidir le hachair ina bhfuil an táirgeadh clúdaithe faoi chonradh idir an feirmeoir agus an tionscal próiseála, (ach amháin i gcás próiseála a ghabhtar de láimh ag an bhfeirmeoir féin ar an ngabháltas – bíonn litir ghealltanais bunriachtanach sna cásanna seo). Ní féidir achair atá faoi réir iarratais faoin Scéim um Barra Fuinnimh a áireamh a bheith curtha i leataobh chun teidlíochtaí cuir i leataobh a úsáid. Ní mór don bhailitheoir/próiseálaí na conarthaí a chur isteach don Roinn nach déanaí ná an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais faoi Scéom Aoníocaíochta 2007.

AG BAINT FEIDHME AS BUNÁBHAR

1. **Is féidir aon bhunábhar talmhaíochta a shaothrú ar na hachair atá clúdaithe faoin gcúnamh a chuirtear ar fáil fhad agus atá de rún feidhm a bhaint astu go príomha chun na táirgí fuinnimh thusaluaite a tháirgeadh.**
2. **Ní féidir cnáib a shaothrú ach nuair a bhíonn ceadúnas faoi na hAchtanna um Mí-úsáid Drugaí, 1977 agus 1984 agus na Rialacháin**

um Mí-úsáid Drugaí, 1988 agus 1993 bronnta ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

3. **Caithfear an bunábhar a ndéantar tagairt dó thuas a beith clúdaithe faoi chonradh de réir na gcoinníollacha maidir le hincháilitheacht a mhínítear thuas.**
4. **Ní mór d'iarrthóirí an bunábhar uile a baineadh a sheachadadh go bailitheoir nó céadphróiseálaí a ghlacfaidh leis agus a chinnteoidh go mbaintear feidhm as méid coibhéiseach den bhunábhar seo uile taobh istigh den Chomhphobal Eorpach chun ceann amháin nó níos mó de na táirgí fuinnimh a shainmhínítear thuas a dhéanamh.**

UASACHAR RÁTHAITHE MAIDIR LE BARRA FUINNIMH

Bunaíodh Uasachar Ráthaithe (MAG) san Aontas Eorpach maidir le Barra Fuinnimh, ar féidir cúnamh a bhronnadh lena aghaidh, ag 1.5 milliún heicteár. Nuair a sháraíonn an t-achar a n-éilítear cúnamh lena aghaidh an MGA seo, laghdófar an ráta ag a n-íocfar cúnamh go comhréireach le haghaidh na bliana atá i gceist.

RIACHTANAIS MAIDIR LE SLÁNDÁIL A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH AGUS ÚSÁID NEAMHBHIA DE THALAMH CURTHA I LEATAOBH

- **Scéim um Barra Fuinnimh: Ní mór do bhailitheoirí nó do chéadphróiseálaithe urrús de €60 an heicteár a chur isteach a scaoilfear nuair a chuirtear cruthúnas cáipéiseach ar fáil gur próiseáladh an bunábhar atá i gceist mar tháirgí fuinnimh.**
- **Feidhm neamhbhia as talamh curtha i leataobh: Cuirfidh bailitheoirí nó céadphróiseálaithe urrús iomlán isteach faoin dáta deiridh chun glacadh le hiarratais SPS 2007, ag ráta €250 an heicteár.**

SONRAÍ TEAGMHÁLA:

Ba cheart aon fhiosrúcháin faoin Scéim um Barra Fuinnimh nó cur i leataobh Neamhbhia a sheoladh go: An Rannóg um Barra Fuinnimh; Aonad SPS, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Port Laoise, Contae Laoise; uimhir ghutháin 057 8678701/8678709.

SCÉIM BUNAITHE BITHFHUINNIMH:

Tá Scéim Bunaithe Bithfhuinnimh chun deontas i gcabhair a thabhairt chun saileach agus miscanthus a chur, arna maoiniú ag an Státchiste Náisiúnta, á bunú ar feadh tréimhse teoranta. Is féidir sonraí a fháil ón Rannóg um Beartas Barra, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, Lárionad Gnó, Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise, Contae Laoise, guthán: 057- 8692231.

Caibidil 22
REACHTAÍOCHT DE CHUID AN AE A BHAINEANN LE D'IARRATAS FAOIN SPS

Cuireann na TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA seo na Rialacháin seo a leanas de chuid Chomhairle agus Choimisiún an AE i ngníomh agus baineann aon athruithe ar na Rialacháin seo le bliain Scéim 2007. Cuirfear aon athruithe breise a dhéanann Comhairle nó Coimisiún an AE i gcaitheamh 2007 in iúl d'fheirmeoirí agus, nuair is cuí, bainfidh siad le

hiarratais 2007 chomh maith. Tá an reachtaíocht AE ar fad le fáil ag http://europa.eu

- **Uimh. 1782/2003 de 29/9/2003, faoi mar a ceartaíodh ag 32003R1782R(01) é, a bhunaíonn rialacha coitinn faoi scéimeanna tacaíochta - OJ L270 de 21/10/2003.**
- **Uimh. 21/2004 de 17ú Nollag 2003 a bhunaíonn córas chun ainmhithe caoracha agus gabhracha a shainaithint agus a chlárú agus a leasaíonn Rialachán (CE) Uimh 1782/2003 agus Treoracha 92/102/EEC agus 64/432/EEC – OJ L 5 de 9/1/2004.**
- **Uimh. 795/2004 de 21ú Aibreáin 2004 a leagan síos na rialacha miona chun 1782.2003 – OJ a chur i ngníomh. L141 de 30/4/2004.**
- **Uimh. 796/2004 de 21ú Aibreáin 2004 a leagann síos na rialacha miona chun traschomhlíonadh, modhnú agus an córas riaracháin agus rialaithe comhtháite a ndearnadh foráil lena aghaidh in 1782/2003 – OJ a chur i ngníomh. L141 de 30/4/2004.**
- **Uimh 1257/1999 de 17/5/1999 fai thacaíocht as forbairt tuaithe ó Chiste Treoraithe agus Ráthaithe Talmhaíochta na hEorpa (EAGGF) – OJ L160 de 26/6/1999.**
- **Uimh. 817/2004 d'Aibreán 2004 a leagan síos na rialacha miona chun 1257/1999 – OJ a chur i ngníomh. L 153 de 30/4/2004.**
- **Uimh 1255/1999 de 17ú Bealtaine 1999 ar chomheagrú an mhargaidh i mbainne agus i dtáirgí bainne – OJ. L 160 de 26.06.99.**
- **Uimh. 1673/2000 ar chomheagrú na margaí i líon agus cnáib a shaothraítear le haghaidh snáithín – OJ L193 de 29/7/2000.**
- **Uimh 1973/2004 de 29ú Deireadh Fómhair 2004 a leagann síos rialacha miona chun Rialachán Comhairle (EC) Uimh 1782/2003 a chur i ngníomh maidir le scéimeanna tcaíochta a ndéantar foráil lena n-aghaidh i dTeidil IV agus Iva den Rialachán sin agus úsáid talún a chuirtear i leataobh chun bunábhar a tháirgeadh – OJ L 345 de 20/11/2004.**
- **Uimh 178/2002 de 28ú Eanáir 2002 a leagann síos na prionsabail agus na riachtanais ghinearálta a bhaineann le dlí bia, a bhunaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa agus a Leagann síos nósanna imeachta maidir le sábháilteacht bhia – L 031 de 10/02/2002.**
- **Uimh 999/2001 de 22ú Bealtaine 2002 a leagann síos rialacha chun einceifileapaití inaistrithe áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú – OJ L 147 de 31/05/2001.**
- **Uimh 183/2005 de 12ú Eanáir 2005 a leagann síos riachtanais maidir le sláinteachas bia – OJ L035 de 08/02/2005.**
- **Uimh 852/2004 de 29ú Aibreáin 2004 ar Shláinteachas bia-ábhair – OJ L226 de 25/6/2004**
- **Uimh. 853/2004 de 29ú Aibreáin 2004 a leagann síos rialacha sláinteachais sonracha maidir le sláinteachas bia-ábhair – OJ L226 de 25/6/2004.**

Caibidil 23
SAINMHÍNITHE A BHAINEANN LE SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA

Baineann na sainmhínithe seo a leanas le hábhar chun críocha na Scéimeanna uile a chlúdaítear faoi iarratais Scéim Aoníocaíochta 2007. Na

hathruithe uile ar na Téarmaí agus Coinníollacha lena bhféadfadh gá a bheith de thoradh cinnte de chuid an AE nó ag Aire, a fhoilseofar.

(1) is éard is brí le "AE" ná an tAontas Eorpach.
(2) is éard is brí le "An tAire" ná an tAire Talmhaíochta agus Bia.
(3) is éard is brí le "An Roinn" ná an tAire Talmhaíochta agus Bia.
(4) is éard is brí le "Aoniarratas" ná an t-iarratas le haghaidh íocaíochtaí díreacha maidir le Scéim na hAoníocaíochta agus le scéimeanna cúnaimh eile a bhaineann le limistéir.
(5) is éard is brí le "Scéimeanna cúnaimh a bhaineann le limistéir" ná Scéim na hAoníocaíochta, an Scéim um Préimheanna Próitéine, an Scéim um Barra Fuinnimh, Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus an Scéim um Fharae Triomaithe.
(6) Is éard is brí le "Iarrthóir" ná feirmeoir a chuireann "Aoniarratas" 2007 isteach. Is féidir le hiarrthóir díreach aon "Aoniarratas" amháin a chur isteach le haghaidh 2007. Ba cheart go gclúdódh an t-iarratas seo a g(h)abháltas ina iomláine agus go dtabharfadh sé isteach an talamh uile a shaothraigh sé/sí in 2007 cibé áit sa Stát ina mbeadh an talamh sin suite agus gan bhacadh an mbaineann na tailte le haon Uimhir Thréada amháin nó níos mó acu.
(7) is éard is brí le "Íocaíocht Dhíreach" ná aon íocaíocht a bhronntar go díreach ar fheirmeoirí faoi Scéim na hAoníocaíochta, an Scéim um Préimheanna Próitéine, an Scéim um Barra Fuinnimh agus an Scéim um Fharae Triomaithe.
(8) is éard is brí le "feirmeoir" ná duine nádúrtha nó dlíthiúil, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlíthiúla, a aithnítear i ndlí na hÉireann, a bhfuil a ghabháltas suite sa Stát agus a fheidhmíonn gníomhaíocht talmhaíochta.
(9) is éard is brí le "Bailitheoir" ná aon duine a shíníonn conradh, mar a sainmhíníodh, a cheannaíonn thar a ceann féin aon bhunábhar, a bhfuil i gceist úsáid deiridh a bheith aige chun críocha fuinnimh agus neamhbhia.
(10) is éard is brí le "céadphróiseálaí" ná aon úsáideoir de bhunábhbar talmhaíochta a ghabhann an chéad phróiseáil de de láimh, a bhfuil i gceist úsáid deiridh a bheith aige chun críocha fuinnimh agus neamhbhia.
(11) is éard is brí le "Gabháltas" ná na haonaid tháirgthe uile taobh istigh de theorainneacha an Stát a ndéanann feirmeoir bainistíocht orthu.
(12) is éard is brí le "Gníomhaíocht talmhaíochta" táirgeadh, oiliúint nó saothrú táirgí talmhaíochta lena n-áirítear baint fómhair, bleán, tógáil ainmhithe agus coinneáil ainmhithe chun críocha talmhaíochta, nó ag cothú na talún i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil.
(13) is éard is brí le "Achar talmhaíochta" ná an t-achar iomlán ina bhfuil talamh curaíochta, féarach buan agus barra buana.
(14) is éard is brí le "talamh curaíochta" ná talamh a shaothraítear chun barra a tháirgeadh agus talamh faoi chur i leataobh nó a chothaítear i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil gan bhacadh leis go raibh an talamh faoi thithe gloine nó a mhalairt nó faoi chlúdach socraithe nó soghluaiste.
(15) is éard is brí le "féarach buan" ná talamh as a mbaintear feidhm chun féar nó foráiste luibheach eile a shaothrú go nádúrtha (féinshíolta) nó trí shaothrú (curtha) agus nach raibh ina chuid den rothlú barra ar an ngabháltas le cúig bhliain nó níos faide anuas, seachas talamh faoi scéimeanna cuir i leataobh faoi Scéim Cúnaimh Churaíochta an AE in aon cheann de na blianta 1998 – 2003.

(16) is éard is brí le "Féar nó aon fhoráiste luibheach eile" na plandaí luibheacha eile a fhaightear go traidisiúnta i gcluainte nádúrtha nó a bhíonn mar pháirt de mheascáin shíl ar mhaithe le cluainte nó móinéir (a mbaintear feidhm astu le haghaidh ainmhithe féaraigh nó mhalairt).
(17) is éard is brí le "Barra buana" ná barra neamhrothlaithe seachas cluain bhuan a bhíonn ar an talamh ar feadh cúig bliana nó níos faide agus a thugann mar thoradh fómhar arís is arís eile, lena n-áirítear plandlanna agus roschoill le beatha ghearr ach amháin barra ilhliantúla agus plandlanna barra ilbhliantúla. Measfar talamh curtha i leataobh faoi bharra buana
(a) as a mbaintear feidhm chun bunábhar a chur ar fáil chun táirgí a dhéanamh taobh istigh den AE nach chun caitheamh le daoine nó ainmhithe iad go príomha (Neamhbhia) agus
(b) talamh a chuirtear faoi bharra buana agus atá faoi réir iarratais freisin chun cúnamh a fháil le haghaidh barra fuinnimh, mar heicteáir incháilithe ar mhaithe le teidlíochtaí cuir i leataobh agus teidlíochtaí íocaíochtaí.
(18) is éard is brí le "Barra ilbhliantúla" ná barra Bliosán, Lus súcha, Biabhóga, Sú chraobh, Sméara dubha, Maoildearg, Lóganchaor, Cuiríní Dubha, Bána nó Dearga, Spíonán, Mónóga, Fraochóga agus torthaí eile den aicme Vaccinium.
(19) is éard is brí le "Úsáid" ná an úsáid as achar maidir leis an gcineál bairr nó clúdach talún nó easpa bairr.
(20) is éard is brí le "Barr" ná aon chineál bairr nó clúdach talún lena n-áirítear féar ach a eisiann talamh curtha i leataobh.
(2) is éard is brí le "Úsáid talún" ná barr nó clúdach talún nó easpa bairr maidir le gach dáileacht talún i ngabháltas.
(22) is éard is brí le "Dáileacht talún" ná achar talún sainiúil taobh istigh de bhaile fearainn ag a bhfuil uimhir aitheantóra sainiúil ar Chóras Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS) na Roinne agus a shainmhínítear go ginearálta le teorainn bhuan.
(23) is éard is brí le "Achar tagartha" ná achar nach mbeifí ag súil go ndéanfadh feirmeoir éileamh lena aghaidh os a chionn gan chruthúnas athraithe don dáileacht.
(24) is éard is brí leis an "Achar a fhaightear" nó "Achar socraithe" ná an t-achar ar comhlíonadh lena aghaidh na coinníollacha uile a bhaineann le híocaíocht mar chúnamh.
(25) is éard is brí le "Dáileacht tagartha" ná achar teormharcáilte le huimhir aitheanta shainiúil faoi mar a cláraíodh ar Chóras Aitheanta Dáileachtaí Talún na Roinne é.
(26) is éard is brí leis an "Achar a socraíodh" ná an t-achar ar comhlíonadh lena aghaidh na coinníollacha uile a bhaineann le híocaíocht mar chúnamh. I gcás Scéim na hAoníocaíochta, is féidir an t-achar a dhearbhaítear a mheas a bheith socraithe díreach má chuirtear an líon comhréireach de theidlíochtaí íocaíochtaí leis.
(27) is éard is brí le "Traschomhlíonadh" ná urraim do riachtanais reachtúla ó thaobh bainistíochta de agus dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil faoi mar a leagtar síos i bhfoilseacháin 2005 agus 2006 na Roinne ar a dtugtar "The Single Payment Scheme - Your Guide to the Cross Compliance", "Guide to Cross Compliance Requirements to be implemented in 2006 and 2007" agus "Explanatory Handbook for Good Agricultural Practice Regulations".

(28) is éard is brí le "Réimsí traschomhlíonta" ná réimsí éagsúla de riachtanais reachtúla ó thaobh bainistíochta a bhaineann le sláinte phoiblí, ainmhithe agus plandaí, an comhshaol agus leas ainmhithe agus an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a bhaineann le creimeadh ithreach, ábhar orgánach ithreach, struchtúr ithreach agus an t-íosmhéid de chothú atá ag teastáil.
(29) is éard is brí le "Neamhthraschomhlíonadh" ná aon neamhchomhlíonadh leis na riachtanais agus na caighdeáin reachtúla ó thaobh bainistíochta de agus dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil faoi mar a leagtar síos i bhfoilseacháin 2005 agus 2006 na Roinne ar a dtugtar "The Single Payment Scheme - Your Guide to the Cross Compliance", "Guide to Cross Compliance Requirements to be implemented in 2006 and 2007" agus "Explanatory Handbook for Good Agricultural Practice Regulations".
(30) is éard is brí le "Force majeure" ná cúinsí nárbh fhéidir iad a thuar ag próiseálaí stuama agus nárbh fhéidir leis/léi cosc a chur orthu nó, dá mb'fhéidir, díreach ar chostas míréasúnta iomarcach. Ní mór éileamh maidir le force majeure a chur isteach i gcló scríofa don Roinn chomh maith le aon cháipéisí tacaithe ábhartha, taobh istigh de 10 lá oibre ón am ina raibh an t-iarrthóir in ann fíricí na cúise a chur in iúl agus ar cheart a mheas mar fhorce majeure dar leis/léi. Déanfaidh an Roinn cinneadh i ngach cás dá leithéid, le dlí an AE san áireamh, an ionann na cúinsí a leagtar síos agus force majeure.

Caibidil 24
RIALÚ AGUS CIGIREACHT

Beidh iarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta faoi réir seiceála riaracháin, rialuithe agus cianmhothaithe ag baint feidhme as íomhánna satailíte nó grianghrafadóireachta aeir agus cigireacht ar an bhfeirm féin. Aontóidh iarrthóirí ligean d'oifigigh nó do ghníomhairí de chuid na Roinne cigireacht feirme a ghabháil de láimh le fógra roimh ré nó a mhalairt ag am réasúnta ar bith agus gan dochar do dhliteanas poiblí. Nuair a fhaightear faisnéis faoi cigireacht feirme, ba cheart d'iarrthóir socruithe a dhéanamh chun a bheith i láthair le haghaidh na cigireachta nó ionadaí a ainmniú ina (h)áit chun cabhrú leis an oifigeach cigireachta. Beidh gach uile chigireacht ina hábhar tuarascála agus tabharfar an deis don iarrthóir nó dá (h)ionadaí an tuarascáil a shíniú, a thabharfaidh le fios go raibh sé/sí i láthair ag an gcigireacht agus a c(h)uid tuairimí a chur léi más mian leis/léi amhlaidh. Ní himpleachtaíonn síniú na cáipéise seo go nglacann an t-iarrthóir nó a (h)ionadaí lena bhfuil inti. Tá roghanna achomhairc éagsúla ag an iarrthóir más mian leis/léi leas a bhaint astu.
De ghnáth is é an ráta de chigireacht ar an bhfeirm féin is gá maidir le traschomhlíonadh ná 1% de na feirmeoirí sin a bhfuil iarratas curtha isteach acu faoi Scéim na hAoníocaíochta. Ach ní mór cigireacht a dhéanamh ar 5% de na hiarrthóirí ar a laghad faoi na riachtanais faoi Shainaithint agus Clárú Ainmhithe maidir le Traschomhlíonadh i dtaca le heallach agus 3% le caoirigh ós rud é go bhfuil na leibhéil sin forórdaithe faoi na Rialacháin ábhartha.

Chomh maith le seiceáil maidir le traschomhlíonadh is gá seiceáil chaighdeánach maidir le hincháilitheacht a ghabháil de láimh chun a fhíorú go bhfuil an t-achar iarbhír a éilítear ar fhoirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta ar aon dul leis an achar atá ag an bhfeirmeoir agus chun a chinntiú nach mbíonn aon dúbláil d'éileamh.
Beidh gá le seiceáil freisin chun a dhaingniú go gcothaítear na tailte a éilítear ar mhaithe le cur i leataobh de réir na bhforálacha i Rialacháin an AE agus go ndéantar na hoibleagáidí maidir le cur i leataobh a urramú.
Beidh sé riachtanach freisin a fhíorú nach mbíonn talamh as a mbaintear feidhm chun torthaí agus glasraí a tháirgeadh, talamh as a mbaintear feidhm le haghaidh prátaí nó talamh faoi fhoraoiseacht nó aon bharra buana eile ar an talamh as a mbaintear feidhm chun teidlíochtaí a tharraingt anuas i mbliain an iaratais maidir leis an Aoníocaíocht.

Beidh an phríomhfhreagracht ar an Roinn Talmhaíochta agus Bia, mar an Áisíneacht Íoctha creidiúnaithe ag an AE, chun a chinntiú go ndéantar an leibhéal is gá de chigireacht maidir le traschomhlíonadh a ghabháil de láimh agus chun aon smachtbhannaí atá le cur i bhfeidhm a shocrú. Chun seiceáil agus cigireacht ar an bhfeirm a éascú, comhoibreoidh iarrthóirí le foireann na Roinne, tabharfaidh siad freagra ar gach fiosrúchán agus cuirfidh siad aon fhianaise cháipéiseach ar fáil a d'fhéadfaí iarraidh maidir lena n-iarratais faoin SPS. Má chliseann ort déanamh amhlaidh, d´fhéadfaí cúnamh a chailliúint. Mura bhfuiltear in ann cigireacht ar an bhfeirm a ghabháil de láimh trí lucht nó ghníomh an iarrthóra, diúltófar don iarratas mura ndéantar cás d'fhorce majeure a chinneadh ag an Roinn.

Caibidil 25
TRASCHOMHLÍONADH

Faoi riachtanais maidir le Traschomhlíonadh, ní mór d'fheirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí díreacha, lena n-áirítear SPS, DAS agus a leithéidí, na riachtanais reachtúla éagsúlacht ó thaobh bainistíochta a leagtar síos i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) maidir leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí a urramú agus an fheirm a chothú i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC).
Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhithe a chruthaigh go saorga na coinníollacha is gá chun a leithéid d'íocaíochtaí a fháil d'fhonn buntáiste a fháil atá in aghaidh na gcuspóirí a bhaineann leis an scéim tacaithe sin.
Eisíodh leabhráin ar a dtugtar "The Single Payment Scheme - Your Guide to the Cross Compliance, "Guide to Cross Compliance Requirements to be implemented in 2006 and 2007" agus "Explanatory Handbook for Good Agricultural Practice Regulations" ina bhfuil cur síos ar oibleagáidí ar cheart d'fheirmeoirí a dhéanann iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta a urramú, don uile fheirmeoir in 2005 agus 2006. Tugann na foilseacháin seo cur síos mion faoi na riachtanais maidir le traschomhlíonadh a leagtar amach i Rialachán Coimisiúin (EC) Uimh. 796/2005 faoi mar a leasaíodh é agus a bhaineann le Scéim na hAoníocaíochta. Ba cheart d'fheirmeoirí na leabhráin seo a léamh go cúramach in éineacht leis an mBileog Chabhrach seo. Tá sonraí iomlána lena n-áirítear na liostaí seiceála ar fad le fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie

Caibidil 26

PIONÓIS AS RÓ-DHEARBHÚ ACHAIR FAOI SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA

Más rud é, maidir le hiarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta, go sáraíonn an t-achar a dhearbhaítear an t-achar a fhaightear, beidh na pionóis seo a leanas i gceist.
Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara nach mbeidh aon phionós i gceist nuair is mó an t-achar socraithe nó an t-achar a fhaightear ná líon na dteidlíochtaí (seachas teidlíochtaí cuir i leataobh) ag an iarrathóir i mbliain SPS 2007.

Difríocht mar chéatadán idir líon na heicteár incháilithe socraithe (a fhaightear) agus líon na dteidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta atá agat – seachas teidlíochtaí cuir i leataobh.	**Leibhéal de Phionós**
Níos lú ná 3% nó faoi 2 heicteár	**Ní beidh aon phionós i gceist ach bunófar an íocaíocht ar líon na dteidlíochtaí atá agat mar choibhéis le líon na heicteár incháilithe socraithe (achar a fhaightear).**
3% suas go 20% **(nó níos mó ná 2 heicteár)**	**Bunaítear íocaíocht ar líon na dteidlíochtaí ar choibhéis le líon na heicteár incháilithe a shocraítear laghdaithe le dhá oiread na difríochta (i heicteáir) idir líon na heicteár a dhearbhaítear agus líon na dteidlíochtaí atá agat.**
Níos mó ná 20%	**Ní dhéanfar aon íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta don Bhliain de chuid na Scéime atá i gceist.**
Níos mó ná 50%	**Ní dhéantar aon íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta do Bhliain de chuid na Scéime atá i gceist agus cuirfear fíneáil ar aon luach leis an Aoníocaíocht ar líon na heicteár ró-dhearbhaithe (difríocht idir líon na heicteár a shocraítear agus líon na dteidlíochtaí atá agat) in aghaidh teidlíochtaí dlite don iarrthóir sa trí bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh an socrú.**

Chomh maith leis seo, nuair a dhéanann tú ró-dhearbhú achair <u>d'aonturas</u>, beidh na pionóis seo a leanas i gceist fiú dá ndéanfadh an ró-dhearbhú difríocht don íocaíocht.

- **Nuair atá ró-dhearbhú d'aonturas d'achar suas go 50%, ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais.**
- **Nuair atá ró-dhearbhú d'aonturas d'achar os cionn 50%, ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais agus laghdófar fíneáil riaracháin, arb ionann í agus an tsuim de chúnamh atá iníoctha ar an difríocht idir an t-achar atá éilithe agus an t-achar a fhaightear, ó aon íocaíochtaí dlite faoi SPS, DAS agus a leithéidí sa trí bhliain ina dhiaidh sin.**

Agus pionóis á gcur i bhfeidhm, cuirfear <u>na teidlíochtaí leis an luach is airde leis an achar a shocraítear</u>, is é sin nuair a chuirtear pionóis i bhfeidhm

bainfidh an feirmeoir leas as na teidlíochtaí is airde luach chun críocha íocaíochta.
Beidh an córas pionós i bhfeidhm chomh maith maidir le ró-dhearbhuithe achair faoin Scéim um Barraí Fuinnimh agus faoin Scéim um Préimheanna Próitéine.

Caibidil 27
PIONÓIS AS DEARBHÚ EASNAMHACH DÁILEACHTAÍ TALÚNA IOMLÁNA FAOI SCÉIM NA HAONÍOCAÍOCHTA

Déanann Rialachán Coimisiúin (EC) Uimh. 796/2004 (faoi mar a leasaíodh é) foráil chun pionóis a chur i bhfeidhm maidir le dearbhú easnamhach dáileachtaí talún iomlána. Is iad seo a leanas na pionóis a ndéantar foráil lena n-aghaidh:

- **(i) Nuair a bhíonn dearbhú easnamhach dáileachta(í) talún idir 3% agus 20´% den talamh a dhearbhaítear san iarratas ann, beidh pionós de 1% i gceist;**
- **(ii) Nuair a bhíonn dearbhú easnamhach dáileachta(í) talún idir 20% agus 50´% den talamh a dhearbhaítear san iarratas ann, beidh pionós de 2% i gceist;**
- **(iii) Nuair a bhíonn dearbhú easnamhach dáileachta(í) talún os cionn 50´% den talamh a dhearbhaítear san iarratas ann, beidh pionós de 3% i gceist.**

Caibidil 28
PIONÓIS AGUS EISIATACHTAÍ MAIDIR LE dEARBHÚ EASNAMHACH TAILTE CURTHA I LEATAOBH

Faoi Scéim na hAoníocaíochta, caithfear feidhm a bhaint as teidlíochtaí maidir le talamh curtha i leataobh sula mbaintear feidhm as aon chinn eile. Ach nuair nach ndearbhaíonn feirmeoir dóthain heicteár maidir le gach uile teidlíocht Cuir i Leataobh, caithfear an feirmeoir sin a mheas a bheith gan a c(h)uid oibleagáidí maidir le cur i leataobh a chomhlíonadh agus a bheith inphionóis. Sa chás seo, measfar an t-achar a bhaineann leis na teidlíochtaí cuir i leataobh nár baineadh feidhm astu gan a bheith faighte agus gearrfar pionós de réir cásanna ina ndéantar ró-dhearbhú achair.
Nuair nach ndéantar bainistíocht ar Chur i Leataobh de réir na rialacha bainistíochta a leagadh amach níos túisce, ní dhéanfar aon íocaíocht ar na teidlíochtaí Cuir i Leataobh ach measfar gur baineadh feidhm as na teidlíochtaí Cuir i Leataobh. Ach nuair a bhíonn sárú ar rialacha bainistíochta Chur i Leataobh amhlaidh nach gcuirtear an talamh i leataobh, is féidir an cás a mheas mar chás dearbhaithe bréige d'aonturas.

CAIBIDIL 29
RIACHTANAIS MAIDIR LE SLÁNDÁIL A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH AGUS ÚSÁID NEAMHBHIA DE THALAMH CURTHA I LEATAOBH

Nuair a theipeann ar fheirmeoir a dhéanann iarratas chun cúnamh a fháil le Barra Fuinnimh nó a dhearbhaíonn dáileachtaí mar Chur i Leataobh Neamhbhia an méid is gá d'aon bhunábhar a chur ar fáil, measfar go bhfuil teipthe air/uirthi an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le dáileachtaí a raibh ceaptha chun críocha fuinnimh nó mar chur i leataobh neamhbhia, faoi seach, maidir le hachar a áirítear trí mhéadú achar na talún a shaothraítear agus a úsáidtear ag an iarrthóir chun bunábhar a tháirgeadh leis an ngannchion i seachadadh an bhunábhair sin mar chéatadáin.

Caibidil 30
TREOIR CÉIM AR CHÉIM CHUN LEATHANACH TOSAIGH FHOIRM IARRATAIS AN SPS A LÍONADH ISTEACH

- **Déantar AINM AGUS SEOLADH Seoladh a réamhphriontáil. Más gá aon leasú a dhéanamh, buail tríd na sonraí priontáilte agus cuir isteach na sonraí cearta.**
- **Déantar UIMHIR THRÉADA a réamhphriontáil chomh maith. Is í seo an Uimhir Thréada bhailí ar an dáta ar ar priontáladh. Más rud é gur athraigh d'Uimhir Thréada ó shin, buail tríd an Uimhir Thréada réamhphriontáilte más é do thoil é agus cuir isteach d'Uimhir Thréada nua. Más rud é go n-athraíonn d'Uimhir Thréada tar éis duit iarratas SPS 2007 a chur isteach, ba cheart duit scríobh láithreach bonn chuig Aonad na hAonaíochta le sonraí faoi d'Uimhir Thréada nua.**
- **UIMHIR GHUTHÁIN: Cuir isteach d'Uimh. Ghutháin bhaile agus/nó Guthán Móibíleach sna spásanna a chuirtear ar fáil. Is áisiúil an rud é uimh. Ghutháin óir ligfidh sé d'Aonad na hAoníocaíochta teagmháil dhíreach a dhéanamh leat d'fhonn aon fhiosrúcháin a d'fhéadfadh eascairt as d'iarratas a réiteach. Tá ticbhosca ann más mian leat teachtairechtaí téacs a fháil ar do ghuthán móibíleach ón Roinn ó thráth go chéile.**
- **PPSN agus DÁTA BREITHE: Tá oibleagáid ort d'Uimhir Seirbhíse Poiblí Phearsanta (PPSN) agus do Dháta Breithe a chur isteach. Má theipeann ort déanamh amhlaidh tiocfaidh righneas mar thoradh chun d'Iarratas a phróiseáil. Tugadh Uimhir Ioncaim agus Árachais Shóisialta (RSI) ar an bPPSN roimhe seo. Tá d'Uimh. PSP le fáil duit ó d'oifig áitiúil den Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh. Bíonn d'Uimh. PSP agus do Dháta Breithe réamhphriontáilte ar d'fhoirm iarratais SPS 2007 más rud é go bhfuil na sonraí seo curtha ar fáil agat cheana féin. Déan seiceáil ar na sonraí seo gu cúramach agus déan aon athruithe is gá.**
- **SONRAÍ REPS AGUS FORAOISEACHTA: Má ghlacann tú páirt in REPS, cuir isteach d'Uimh. Thagartha REPS sa spás a chuirtear ar**

fáil ar éadan na foirme. Má fhaigheann tú cúnamh faoin Scéim um Préimheanna Foraoiseachta, cuir isteach d'Uimh. Theagmhála Foraoiseachta sa spás a chuirtear ar fáil ar éadan na foirme.

- **<u>AN SCÉIM UM LUATHSCOR</u>: Má ghlacann tú páirt sa Scéim um Luathscor, cuir isteach d'Uimh. Thagartha ERS sa spás a chuirtear ar fáil ar éadan na foirme.**

<u>IARRATAS / DEARBHÚ FOIRMIÚIL</u>

Sa rannán seo den leathanach tosaigh bíonn tú ag déanamh iarratais chun íocaíocht a fháil sa chéad áit maidir le do chuid teidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta.

- **<u>SONRAÍ FAOI THEIDLÍOCHTAÍ:</u> Bíonn sonraí faoi na teidlíochtaí SPS atá agat ag am priontála d'fhoirme réamhphriontáilte. Is í seo an tríú bliain de chiogal 3 bliana Scéim na hAoníocaíochta, agus faoi rialacháin an SPS, d'fhéadfadh feirmeoirí roinnt dá gcuid teidlíochtaí nó fiú iad uile a chailliúint más rud é nach mbaintear leas astu le linn na tréimhse sin. Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn gabháltais le luacha difriúla ag an iarrthóir agus, cibé rud is cúis leis, nach féidir íocaíocht a dhéanamh maidir leis na teidlíochtaí sin uile in 2007. Sna cúinsí seo, déanfar íocaíocht maidir leis na teidlíochtaí a mheastar a beith arna n-úsáid san ord atá le fáil ar fhoirm iarratais réamhphriontáilte SPS 2007. Nuair a bhíonn, nuair a chuirtear iarratas 2007 ar líne isteach, imeachtaí in easnamh fós a rachaidh i bhfeidhm, tar éis próiseála, ar theidlíochtaí iarrthóra, is féidir an t-ord íocaíochta a cuireadh isteach ar líne a athrú trí fhoirm iarratais "Iarratas chun Ord Íocaíochta a athrú" a líonadh isteach. Eiseofar cóip den fhoirm seo don uile iarrthóir.**
- **<u>SCÉIMEANNA EILE BUNAITHE AR LIMISTÉIR</u>: In 2007, rinneadh foirm iarratais an SPS níos simplí fós. Bíonn iarratas faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste uathoibritheach nuair a chuireann tú foirm iarratais bhailí faoi SPS 2007 isteach fhad is a chomhlíonann tú riachtanais na Scéime sin (féach Caibidil 20). Glacfar le foirm iarratais líonta isteach faoi SPS 2007 mar iarratas freisin faoin Scéim um Barra Fuinnimh agus faoin Scéim um Préimheanna Barra Próitéine de réir mar is cuí.**

Bíonn tú ag dearbhú go foirmiúil chomh maith go bhfuil an t-eolas i d'fhoirm fíor agus cruinn chun críocha na Scéimeanna a chlúdaítear faoi d'iarratas. Chomh maith leis seo, bíonn tú ag daingniú go bhfuil N BHILEOG CHABHRACH / NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA seo l'eite agat agu go bhfuil tú eolach go hiomlán faoi na riachtanais iontu.

- **<u>SÍNIÚ AGUS DÁTA</u>: <u>NÁ DÉAN DEARMAD AINM AGUS DÁTA A CHUR LEIS AN BHFOIRM.</u>**
  Ní féidir glacadh le d'iarratas SPS mura síníonn tú í. Nuair a dhéantar an t-iarratas thar ceann breis agus duine amháin, mar shampla Seán Ó Murchú agus Máire Ní Mhurchú, ní mór don dá pháirtí, is é sin, Seán Ó Murchú agus Máire Ní Mhurchú, an fhoirm a shíniú. Nuair nach síníonn na páirtithe uile a ndéanann an t-iarratas tagairt dóibh an fhoirm, measfar an t-iarratas a bheith neamhiomlán. Nuair a dhéantar an t-iarratas thar ceann cuideachta nó aonáin dhlíthiúil eile, ní mór don sínitheoir a stádas oifigiúil, mar shampla Rúnaí Cuideachta nó mar sin, a chur isteach.

Caibidil 31
TREOIR CÉIM AR CHÉIM CHUN LEATHANACH CÚIL FHOIRM IARRATAIS AN SPS A LÍONADH ISTEACH

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA

Sula líonann tú isteach leathanach cúil d'iarratais léigh le do thoil an treoir céim ar chéim seo a leanas chun go mbeidh tú eolach go hiomlán ar aon riachtanais nua agus in ann na sonraí a iarrtar sna colúin éagsúla a thuiscint freisin.
Oiread agus is féidir, rinneadh sonraí faoi dháileachtaí talún atá dearfa agat ar d'fhoirm iarratais faoi Scéim Aoníocaíochta 2006 a réamhphriontáil ar d'fhoirm iarratais SPS 2007. Déan na sonraí réamhphriontáilte ar d'fhoirm iarratais a iniúchadh le do thoil agus déan aon athruithe is gá – mar shampla, b'fhéidir nach mbeadh na tailte a ghlac tú ar cíos in 2006 agat tuilleadh.
Más rud é nach saothraíonn tú aon cheann de na dáileachtaí ar cuireadh sonraí réamhphriontáilte ar fáil lena haghaidh in 2007, scrios an dáileacht trí líne a tharraingt tríd na sonraí réamhphriontáilte uile a bhaineann léi (is é sin thar an tsraith ar fad).
Fút féin atá sé na sonraí a sheiceáil go cúramach agus aon athruithe atá riachtanach dar leat a dhéanamh. Más rud é go bhfuil na sonraí réamhphriontáilte mícheart agus nár athraigh tú iad, d'fhéadfadh pionóis a bheith i gceist.

<u>Cuir isteach na sonraí is gá in aon Cholún nár réamhphriontáladh</u>. Nuair a bhíonn sonraí bunriachtanacha ar iarraidh, measfar an t-iarratas a bheith neamhiomlán.
Má bhíonn gá le Bileoga Leanúnachais, is féidir iad seo a fháil ó Aonad na hAoníocaíochta i bPort Laoise nó ó Oifigí Áitiúla de chuid na Roinne nó ó ThEAGASC. Má bhaineann tú feidhm as BILEOGA LEANÚNACHAIS, bí cinnte go gcuireann tú isteach d'Uimh. Thréada ar gach bileog breise agus cuir uimhir ar aon bhileoga breise freisin.

COLÚN 1: BAILE FEARAINN

NÍ MÓR COLÚN 1 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR FHOIRM IARRATAIS AN SPS. Nuair nach líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Bíonn ainm an bhaile fhearainn réamhphriontáilte ar d'iarratas SPS 2007 le haghaidh aon dáileachta a dhearbhaigh tú in 2006. Más rud é go mbíonn tú ag cur aon dáileachtaí nua isteach i do ghabháltas le haghaidh 2007, scríobh ainm oifigiúil an Bhaile Fhearainn ar líne nua sa Cholún seo, is é sin ainm an Bhaile Fhearainn a thaispeántar ar léarscáil de chuid na Suibhéireachta Ordanáis nó LPIS.

COLÚN 2: UIMHIR DÁILEACHTA TALÚN

NÍ MÓR COLÚN 2 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach

líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Bíonn uimhir na dáileachta talún (Uimh. LPIS) réamhphriontáilte ar d'fhoirm iarratais SPS 2007 le haghaidh aon dáileachta a dhearbhaigh tú in 2006. Nuair a thagann réiltín (*) i ndiaidh Uimh. an LPIS, tugtar le fios go bhfuil páirt nó iomlán den dáileacht sin suite taobh istigh de shaincheantar ainmnithe de chuid NPWS (Dúchas).
Más rud é go bhfuil tú ag cur aon dáileachta nua le do ghabháltas in 2007, ní mór duit an uimhir shainiúil dáileachta talún (Uimh. LPIS) ón áititheoir a bhí ann romhat agus an uimhir sin a chur isteach sa Cholún seo. Nuair nach mbíonn Uimh. LPIS le fáil, sainaithin an cheapach/na ceapacha nua sa Cholún seo trí Cheapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de a thabhairt orthu. Sa chás seo ní mór duit na ceapacha nua a shainaithint freisin trí iad a imlíniú go cúramach ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis nó de chuid Chlárlann na Talún nó léarscáil faoin gCóras Aitheanta Dáileachtaí Talún agus uimhreacha a chur orthu mar Cheapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de a chur orthu ar an léarscáil freisin. Cuir isteach an t-ainm ceapaí céanna sa Cholún seo faoi mar atá scríofa agat ar an léarscáil – Ceapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de. Ní mór léarscáil(eanna) na ceapaí/na gceapach nua a chur isteach le d'iarratas. Féach chuige le do thoil go ndéantar aon léarscáil a chuireann tú isteach a mharcáil le d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir thréada. Má tá an léarscáil mar pháirt de léarscáil de chuid Chlárlann na Talún nó na Suirbhéireachta Ordanáis, caithfear í a mharcáil chomh maith le huimhir bileoige na Suirbhéireachta Ordanáis agus an Baile Fearainn ina bhfuil an dáileacht suite.

FORANNTA SEALADACHA
Má bhíonn tú ag roinnt dáileachta talún go sealadach in 2007 in dhá dháileacht níos lú nó tuilleadh agus ag dearbhú na ndáileachtaí níos lú sin le haghaidh feidhmeanna difriúla nó faoi chatagóirí barra difriúla, scrios amach sonraí réamhphriontáilte na dáileachta sin. Cuir isteach na sonraí faoi gach foroinnt den cheapach sin ar líne nua ag baint feidhme as an uimhir ceapaí 9i ndigit a bhí ann ar dtús chomh maith le haitheantóir sonrach "A" "B", "C" agus mar sin de) tar éis Uimh. LPIS gach foroinnte. Ní mór duit na teorainneacha sealadacha seo a imlíniú ar léarscáil freisin agus gach foroinnt a mharcáil mar "A", "B", "C" agus mar sin ar aghaidh. Cuir isteach do léarscáil, le d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir thréada marcáilte uirthi le d'iarratas.

COLÚN 3: DÁILEACHTAÍ INCHÁILITHE CHUN FEIDHM A BHAINT AS TEIDLÍOCHTAÍ CUIR I LEATAOBH

TALAMH INCHÁILITHE DO CHUR I LEATAOBH

Ós rud é go bhfuil talamh atá incháilithe do chur i leataobh bunaithe ar dhearbhuithe stairiúla faoi úsáid talún faoi Scéim na hAoníocaíochta, tá a stádas, maidir leis an gcuid is mó de dháileachtaí, le fáil ar bhunachar sonraí stairiúil na Roinne faoi úsáid talún idir 1998 agus 2003. Dá réir sin, taispeántar na dáileachtaí atá incháilithe chun feidhm a bhaint as teidlíochtaí Cuir i Leataobh sa Cholún seo le "Y". Tá an táscaire seo réamhphriontáilte

maidir le gach dáileacht a shainaithnítear a bheith incháilithe do chur i leataobh, bíodh teidlíochtaí Cuir i Leataobh ag an bhfeirmeoir nó a mhalairt. Cé gur dearnadh gach iarracht chun a chinntiú gur sainaithníodh gach dáileacht atá incháilithe chun feidhm a bhaint as teidlíochtaí Cuir i Leataobh i gceart agus a mharcáil le Y sa Cholún seo, is féidir leat iarraidh ar Aonad na hAoníocaíochta athbhreithniú a dhéanamh más rud é gur fágadh dáileacht incháilithe i do ghabháltas féin ar lár.

COLÚN 4: ACHAR COMHLÁN NA DÁILEACHTA I HEICTEÁIR

NÍ MÓR COLÚN 4 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Tá an t-achar comhlán de gach dáileacht talún réamhphriontáilte i heicteáir sa Cholún seo. Is é achar comhlán na dáileachta an t-achar i ndigití (tomhas ríomhairithe) den dáileacht i heicteáir. Maidir le coimíneacht, is é an t-achar comhlán an choimíneacht ina hiomláine agus ní an t-achar atá léirithe ag an scair a éilíonn tú féin. Nuair a dhearbhaíonn tú aon dáileacht nua mar pháirt de do ghabháltas in 2007, d'fhéadfadh an t-achar comhlán a bheith le fáil ón áititheoir a bhí ann romhat. Cuir an t-achar sin isteach sa Cholún seo. Nuair nach mbíonn fáil ar an Achar Comhlán i ndigití, cuir isteach an t-achar comhlán, i heicteáir, faoi mar atá sé ar do léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis nó léarscáil eile.

COLÚN 5: ACHAR TAGARTHA

Is éard is brí le hAchar Tagartha achar nach mbeifí ag súil go ndéanfadh feirmeoir éileamh lena aghaidh os a chionn gan chruthúnas athraithe don dáileacht.

COLÚN 6: CODÁN COIMÍNEACHTA

Sa Cholún seo, cuireann tú isteach an scair den Choimíneacht atá tú i dteideal dearbhú – ar an ábhar sin beidh codán cuí den choimíneacht iomlán á chur isteach agat. Nuair nach gcuirtear codán isteach sa Cholún seo maidir le gach dáileacht/ceapach Coimíneachta a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
I ngach cás ina ndearbhaítear scaireanna coimíneachta/cearta féaraigh chun feidhm a bhaint as teidlíochtaí, is é ceann de na coinníollacha a bhaineann le hincháilitheacht ná fianaise cháipéiseach a bheith ann maidir le do cheart ar na scaireanna/cearta a dhearbhaítear. I dtéarmaí ginearálta, comhlíontar an coinníoll trí chur ar fáil na gcáipéisí dlíthiúla a thugann sonraí faoin scair coimíneachta/na cearta féaraigh atá agat. Tá ns cáipéisí seo a leanas inghlactha chun incháilitheacht maidir le teideal a chruthú.
SCAIREANNA COIMÍNEACHTA:
Cóip d'fhóilió de chuid Chlárlann na Talún a thaispeánann na scaireanna coimíneachta cláraithe;
CEARTA FÉARAIGH:

Cóip d'Fhóilió de chuid Chlárlann na Talún a thaispeánann do chuid Cearta Féaraigh; Ordú Dílseacháin de chuid Choimisiún na Talún; Cóip dheimhnithe de pháipéir eastáit a bhaineann le hábhar; Deontas ón úinéir dlíthiúil ruílse; Gníomhas Iontaobhais Féaraigh; Deontas gníomhais ón tiarna talún a bhí ar an eastát ar dtús.
Más rud é go mbíonn na scaireanna Coimíneachta céanna leis na cinn in 2007 á ndearbhú agat, ní gá cóip breise den chruthúnas atá curtha isteach agat cheana féin agus ar glacadh leis chun críocha na hAoníocaíochta a chur isteach. Tá an codán cuí a thaispeánann do scair féin den Choimíneacht réamhphriontáilte sa Cholún seo.
Nuair is Coimíneacht aon dáileacht talún nua i do ghabháltas in 2007, ní mór duit an scair (codán, mar shampla, 1/5, 1/10 agus mar sin de) den Choimíneacht, a bhfuil tí i dteideal éileamh, a chur in iúl.
Is ort féin atá an dualgas cinntiú gur leor na cáipéisí atá curtha isteach agat mar chruthúnas de do cheart mar thacú leis an scair a dhearbhaíonn tú.I gcúinsí nuair nach ann d'fhianaise cháipéiseach faoi mar a shonraítear thuas, is féidir leis an Roinn fianaise cháipéiseach eile a mheasann sí a bheith cuí chun teidlíocht a shocrú. Dá réir sin, nuair a chomhlíontar na coinníollacha uile eile a bhaineann le Scéimeanna ábhartha agus nuair is í an t-aon cheist amháin atá le socrú ná an teidlíocht maidir leis na scaireanna Coimíneachta/cearta féaraigh a dhearbhaítear, d'fhéadfadh an fhianaise cháipéiseach seo a leanas a bheith in ghlactha nuair nach ann don fhianaise cháipéiseach a shonraítear thuas:
Mionnscríbhinn sínithe ag na scairshealbhóirí/sealbhóirí cearta féaraigh uile, a leagann amach:
1. Líon iomlán na scaireanna coimíneachta/cearta féaraigh;
2. Teidlíocht scaire gach scairshealbhóra sa choimíneacht;
3. Leithdháileadh cearta gach sealbhóra cearta féaraigh agus an méid is féidir na cearta sin a fheidhmiú;
4. Gealltanas más rud é ag aon am sa todhchaí go mbunaíonn duine, seachas na teisteoirí ná á gcomharbaí, éileamh bailí ar scair sa choimíneacht/sna cearta féaraigh, go ndéanfaí cóiríocht ar an duine sin trí laghdú comhréirach ar na scaireanna/ceart féaraigh atá ann faoi láthair faoi mar a leagtar amach sa mhionnscríbhinn iad;
5. Áireofar leis an mionnscríbhinn réamhaithris a shonraíonn nach mbainfear feidhm as an mionnscríbhinn chun críocha eile seachas an méid ar ullmhaíodh lena aghaidh í;
6. Cuirfear foilseáin i dteannta aon mhionnscríbhinne dá leithéid, déanta suas de:
- Léarscáil den Choimíneacht a thaispeánann an t-achar iomlán leis na teorainneacha seachtracha marcáilte go soiléir i ndearg, nó, i gcás cearta féaraigh an t-achar ar fad ina ndéantar cearta a fheidhmiú;
- Cáipéisí a thaispeánann go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta ag na teisteoirí chun liosta dearfach de scairshealbhóirí/sealbhóirí cearta féaraigh a bhunú maidir leis an achar ar fad a ndéanann an mhionnscríbhinn tagairt do.

COLÚN 7: GLANACHAR GACH DÁILEACHTA I HEICTEÁIR

NÍ MÓR COLÚN 7 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach

líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Is é glanachar dáileachta ná an t-achar den dáileacht a dhearbhaíonn tú a bheith ar fáil agus oiriúnach maidir le gníomhaíocht/feidhm talmhaíochta in 2007. Déantar an glanachar a áireamh trí aon pháirt den dáileacht sin nach bhfuil incháilithe nó nach mbaintear feidhm aisti (chun críoch feirmeoireachta) a laghdú ón achar comhlán a thugtar i gColún 4. Mura mbíonn an glanachar seo réamhphriontáilte maidir le haon cheann de na dáileachtaí ar an bhfoirm, beidh ort an glanachar a chur isteach nó measfar an fhoirm a bheith neamhiomlán. Má bhíonn gá le hathrú ar ghlanachar réamhphriontáilte chun an suíomh cruinn a thaispeáint, féach chuige le do thoil go scriosann tú amach an glanachar réamhphriontáilte ar d'fhoirm agus cuir an glanachar leasaithe isteach go soiléir.
I gcás gach dáileachta a dhearbhaítear, ní mór don ghlanachar aon réimsí ar a bhfuil foirgnimh; clóis fheirme; coillte; aibhneacha; sruthanna; locháin; cosáin; bóithre feirme; carraig lom; scrobarnach nó portach nach bhfuil oiriúnach le haghaidh féaraigh a eisiamh. Ní gá duit laghduithe a dhéanamh maidir le sconsaí, iomairí cinn, fálta sceach nó draenacha.
<u>Tabhair faoi deara le do thoil gur cheart go mbeadh sconsaí oiriúnacha thart ar gach achar foráiste.</u>
I gcás Coimíneachta, ba cheart aon laghduithe is gá a dhéanamh ó achar comhlán na Coimíneachta (Colún 4) chun go mbeidh glanachair ar leith a dhearbhaíonn na scairshealbhóirí cruinn. Ba cheart nach dtaispeánadh an glanachar ach an chuid sin de scair na Coimíneachta atá oiriúnach agus le fáil duit chun feidhm talmhaíochta a bhaint aisti.
Ná déan ró-éileamh ar ghlanachar aon dáileachta. Faoi rialacháin an AE, d'fhéadfadh pionóis a bheith i bhfeidhm as ró-dhearbhú achar agus cailliúint cúnaimh dá bharr.

<u>ÁIRITHEOIR RÉIDH CHUN ACHAR A THIONTÚ</u>

Caithfear an t-achar uile ar d'fhoirm a thabhairt i HEICTEÁIR (go dtí dhá ionad deachúlach). Bain feidhm as an tábla seo a leanas mar thagairt chun acraí a thiontú go heicteáir.

Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir	Acraí	Heicteáir
0.01	0.0040	0.1	0.0405	1	0.4047	10	4.047	100	40.47
0.02	0.0081	0.2	0.0809	2	0.8094	20	8.094	200	80.94
0.03	0.0121	0.3	0.1214	3	1.2141	30	12.141	300	121.41
0.04	0.0162	0.4	0.1619	4	1.6188	40	16.188	400	161.88
0.05	0.0202	0.5	0.2023	5	2.0235	50	20.235	500	202.35
0.06	0.0243	0.6	0.2428	6	2.4282	60	24.282	600	242.82
0.07	0.0283	0.7	0.2833	7	2.8329	70	28.329	700	283.29
0.08	0.0324	0.8	0.3238	8	3.2376	80	32.376	800	323.76
0.09	0.0364	0.9	0.3642	9	3.6423	90	36.423	900	364.23
								1,000	404.70

COLÚN 8: LEAT FÉIN, AR CÍOS NÓ LÉASAITHE

NÍ MÓR COLÚN 8 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Rinneadh an sonra atá ag teastáil sa Cholún seo a réamhphriontáil oiread agus is féidir. Nuair a bhíonn an Colún seo folamh maidir le haon dáileacht nó más rud é go bhfuil ceapach á dhearbhú agat, beidh ort tabhairt le fios an Leat Féin an cheapach, an bhfuil sí agat Ar Cíos nó an bhfuil sí Léasaithe agat.
Dá réir sin, tabhair le fios le do thoil maidir le gach dáileacht/ceapach an leat féin í, (O) ; an bhfuil sí agat ar cíos nó trí shocrú cíosa i gcaitheamh 2007 ® ; nó an bhfuil an talamh agat in 2007 faoi léas talún foirmiúil.
Má bhíonn gá le hathrú ar ghlanachar réamhphriontáilte chun an suíomh cruinn a thaispeáint, féach chuige le do thoil go scriosann tú amach na sonraí réamhphriontáilte ar d'fhoirm agus cuir an t-eolas leasaithe isteach e réir na treorach thuas.

COLÚN 9: DÁTA DEIRIDH 10 MÍ MAIDIR LE GACH DÁILEACHT A DHEARBHAÍTEAR AR D'IARRATAS SPS 2005

Cuireadh an Colún seo isteach mar eolas agus mar threoir duit. Tá sé réamhphriontáilte le dáta deiridh na tréimhse 10 mí le haghaidh gach dáileachta a dearbhaíodh in 2006. Tá an dáta deiridh réamhphriontáilte 10 mí ar aghaidh ón dáta tosaigh a dearbhaíodh le hagahidh na dáileachta sin in 2006. Caithfidh do dháta tosaigh le haghaidh dáileachtaí le dearbhú faoi Scéim SPS 2007 a bheith tar éis an dáta dheiridh seo.

COLÚN 10: DÁTA TOSAIGH 10 MÍ MAIDIR LE GACH DÁILEACHT/CEAPACH

NÍ MÓR COLÚN 10 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Leagadh amach na coinníollacha a bhaineann le riail na 10 Mí i gCaibidil 19 den fhoilseachán seo. Sa Cholún seo, bíonn ort Dáta Tosaigh a chur isteach le haghaidh gach dáileachta/ceapaí i do ghabháltas in 2007. Ní mór don dáta tosaigh tosú tar éis an dáta dheiridh le haghaidh Scéime 2006 (tá sé seo réamhphriontáilte i gColún 9 nuair a dearbhaíodh an dáileacht sin in 2006). De ghnáth, beidh an dáta tosaigh céanna i gceist maidir leis na dáileachtaí uile ar do ghabháltas. Cuir isteach an dáta ón a mbíonn gach dáileacht i do ghabháltas le fáil duit ar feadh 10 mí ar a laghad, mar shampla 01/09/06, 01/02/07 agus mar sin de.

COLÚN 11: CATAGÓIR BAIRR

NÍ MÓR COLÚN 11 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach

líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Mura bhfuil sé réamhphriontáilte ar d'fhoirm cheana féin, tabhair le fios maidir le gach dáileacht le do thoil an Foráiste nó Curaíocht nó Cuir i Leataobh nó Eile atá i gceist trí mharcáil ar an mbosca cuí i gColún 11 le "x".
CAITHFEAR GACH DÁILEACHT/CEAPACH A DHÉANANN SUAS DO GABHÁLTAS IN 2007 A SHAINAITHINT FAOI CHEANN AMHÁIN DE NA CATAGÓIRÍ SEO A LEANAS.
Nuair a éilítear cúnamh faoin SCÉIM UM PRÉIMHEANNA FORAOISEACHTA (ach amháin Cur i Leataobh Foraoiseachta), nó faoin SCÉIM UM FHARAE TRIOMAITHE, ba cheart na dáileachtaí talún atá i gceist a shainaithint mar EILE sa Cholún seo. Ba cheart Gnáthóga REPS 3 a shainaithint mar EILE freisin, agus foirgnimh, scrobarnach, prátaí agus mar sin de. Ba cheart biatas agus siúcar agus talamh curaíochta atá fágtha gan chur le haghaidh 2007 a mheas mar Churaíocht.

COLÚN 12: ÚSÁID DÁILEACHTAÍ IN 2007

NÍ MÓR COLÚN 12 A LÍONADH ISTEACH MAIDIR LE GACH DÁILEACHT / CEAPACH AR AN BHFOIRM IARRATAIS. Nuair nach líontar an Colún seo isteach go hiomlán maidir le gach dáileacht/ceapach a dhearbhaíonn tú, measfar d'iarratas a bheith neamhiomlán.
Déanfar dáileachtaí talún a bhfuarthas cúnamh lena n-aghaidh in aon Scéimeanna a dteastaíonn iarratas SPS lena n-aghaidh (féach Caibidil 5 den Bhileog Chabhrach seo) in aghaidh na húsáide talún a dhearbhaítear sa Cholún seo. Ba cheart duit cinntiú dá bhrí sin go líontar an Colún seo isteach go soiléir agus go cruinn maidir le gach dáileacht/ceapach agus go dtaispeánann an úsáid talún atá curtha isteach agat an úsáid iarbhír den d'aileacht/den cheapach sin in 2007. Nuair a bhíonn eolas faoi dháileacht réamhphriontáilte, féach chuige le do thoil go bhfuil an úsáid réamhphriontáilte ceart le haghaidh 2007 agus déan athruithe más gá.
Nóta:
Más rud é gur cuireadh príomhbharr mar chruithneacht roimh 1/1/2007 ba cheart é a rangú mar bharr geimhridh agus a chur isteach amhlaidh i gColún 12.

Roinnt samplaí d'úsáid talún ar féidir iad a chur isteach i gColún 12

Úsáidí FORÁISTE; Féarach Buan; Féar; Réimse Bruachánach; Biatas farae; Tornapaí; Min Bhuí agus mar sin de.

Úsáidí CURAÍOCHTA; Eorna; Eorna Geimhridh; Cruithneacht; Cruithneacht Gheimhridh; Coirce Geimhridh; Gnáthóg Gleoiseach; Biatas Siúcra; Piseanna; Pónairí agus mar sin de.

Úsáidí CUIR I LEATAOBH; Cur i Leataobh; Clúdach glas; Úsáid neamhbhia agus mar sin de.

Úsáidí EILE; Gnáthóga REPS 3; Portach; Torthaí; Glasraí; Clós Feirme; Síol (Síol féir); Farae triomaithe (Bia féir).

COLÚN 13: SCÉIM UM BARRA FUINNIMH

Nuair a éilíonn tú cúnamh faoin Scéim um Barra Fuinnimh, marcáil "x" sa Cholún seo in aghaidh gach dáileachta as a mbaintear feidhm chun na barraí fuinnimh a tháirgeadh.
Ná marcáil an colún seo le do thoil mura bhfuil ach an úsáid Neamhbhia de Thalamh Curtha i Leataobh amháin á héileamh agat.

COLÚN 14: PRÉIMH FORAOISEACHTA

Nuair a fhaigheann dáileacht Foraoiseachta cúnamh faoin Scéim um Préimheanna Aforaoiseachta, bíonn ar iarrthóirí é seo a thabhairt le fios ar an iarratas SPS. Caithfear "x" a mharcáil sa Cholún seo dá bhrí sin in aghaidh na ndáileachtaí sin mar a sonraítear an úsáid mar FHORAOISEACHT nó mar CHUR I LEATAOBH FORAOISEACHTA i gColún 12 agus a bhfaightear Préimh Aforaoiseachta lena haghaidh. Tugann an "x" le fios go bhfaigheann an dáileacht préimh foraoiseachta.

Caibidil 32
AG DÉANAMH ATHRUITHE AR D'IARRATAS SPS 2007

Is féidir athruithe a dhéanamh ar iarratais SPS 2007 suas go 31Ú BEALTAINE 2007. Ní ghlacfaidh an Roinn le foirmeacha athruithe tar éis an dáta sin. Tá foirm shonrach – FOIRM ATHRUITHE SPS2007 – le fáil chun na críche seo. Tá an fhoirm, ina bhfuil sonraí iomlána faoi na cúinsí ina nglacfar le hathruithe, le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, Oifigí Áitiúla na Roinne, ó ThEAGASC agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie
Níor cheart feidhm a bhaint as Foirm Athruithe ach amháin tar éis duit foirm Iarratais SPS 2007 a chur isteach don Roinn.

Líonadh Isteach Foirmeacha Athruithe

Ba cheart foirmeacha athruithe a líonadh isteach go hiomlán agus go cruinn, ós rud é go mbeidh siad mar pháirt de d'Iarratas SPS 2007. Ba cheart d'iarrthóirí tabhairt faoi deara freisin, ós rud é go bhfuil Iarratas SPS 2007 curtha isteach don Roinn cheana féin, nach féidir aon Athrú a dhéanamh ach ar an bhFoirm Athruithe seo – ná cuir isteach foirm Iarratais SPS 2007 eile chun Athrú a dhéanamh.

Caibidil 33
ÍOCAÍOCHTAÍ

Maoinítear na Scéimeanna seo a leanas, ach amháin Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus an Scéim um Barra Fuinnimh, a chomh-mhaoinítear, go hiomlán ag an AE.

SCÉIM NA H-AONÍOCAÍOCHTA

Cuirfear tús le híocaíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta ar 1ú Nollag 2007 (faoi réir athmheasa) agus ní mór iad a dhéanamh ina n-iomláine faoi 30ú Meithimh 2008.

ÍOCAÍOCHT PRÉIMHEANNA BARRA PRÓITÉINE

Déanfar an íocaíocht préimheanna fhorlíontach ag ráta € 55.57 an heicteár. D'fhéadfadh an ráta a thugtar le fios faoi réir athraithe más rud é go

sáraítear uasmhéid achair ráthaithe an AE le haghaidh barra fuinnimh. Déanfar íocaíochtaí amhail ó 1ú Nollag 2007.

ÍOCAÍOCHT BARRA FUINNIMH

Socraíodh an ráta cúnaimh le haghaidh barra Fuinnimh a éilítear faoin Scéim um Barra Fuinnimh ag €45 an heicteár. D'fhéadfadh an ráta a thugtar le fios faoi réir athraithe más rud é go sáraítear uasmhéid achair ráthaithe an AE le haghaidh barra fuinnimh. Íocfar barrshuim breise de €80 an heicteár freisin, arna maoiniú ag an Státchiste Náisiúnta (féach Caibidil 21). Déanfar íocaíochtaí amhail ó 1ú Nollag 2007.

ÍOCAÍOCHT FAOI SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE

Cuirfear tús le híocaíocht faoin Scéim seo, faoi réir faomhtha ón AE, i Meán Fómhair 2007.